




Córas Iompair Éireann

Inbhuanaitheacht Ghrúpa CIÉ Athbhreithniú Bliantúil 2021



Nollaig 2021





Clár Ábhar

1	Liosta na nGiorrúchán	3
2	Réamhrá	5
3	Achoimre Fheidhmeach	6
	3.1 Cuspóir	6
	3.2 Éachtaí Inbhuanaitheachta	10
	3.3 Ailíniú le Creat TCFD	11
	3.4 Am le Gníomhú	11
	3.5 Nochtadh Inbhuanaitheachta	13
4	Forbhreathnú ar Éachtaí Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ	14
	4.1 Buaicphointí PTF Neamh-Airgeadais	15
	4.2 Éachtaí Inbhuanaitheachta	18
5	Athbheithniú ar Straitéis Inbhuanaitheachta	30
	5.1 Rialachas	30
	5.2 Straitéis	32
	Spriocanna agus Mianta Inbhuanaithe Ghrúpa CIÉ	34
	5.3 Anailís ar Chás	59
	5.4 Rioscaí agus Deiseanna	60
	5.5 Méadrachtaí agus Spriocanna	65
6	Na Chéad Chéimeanna agus Pleananna Eile do 2022	73
7	Aguisín: Ionstraimí Beartais	76



1 Liosta na nGiorrúchán

ARC	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
BOS	Scéim Oibleagáide Bithbhreosla
CAP	Plean Gníomhachta ar son na hAeráide
CDP	Tionscadal Nochta Carbóin
POF	An Príomhoifigeach Feidhmiúchán
COP26	An 26ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide
CE	Geilleagar Ciorclach
CO ₂	Dé-ocsaíd Charbóin
CSRD	An Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí
DAA	Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
DAFM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
DCU	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DoT	An Roinn Iompair
ECRIPP	Tionscadal Cosanta Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
ESB	Bord Soláthair an Leictreachais
ESG	Comhshaol, sóisialta agus rialachas
EV	Feithicíl leictreacha
FCEV	Feithicil Bhreosla-Chille Leictreach
G2H2	Mol Hidrigin na Gaillimhe
GAP	Plean Gníomhaíochta Domhanda
GDA	Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
GHG	Gás ceaptha teasa
GPP	Soláthar Poiblí Glas
HMI	Hydrogen Mobility Ireland
FSS	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
CGFE	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
ICR	Intercity rail
IPCC	Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide
ISO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú
ETF	Eochairtháscaire Feidhmíochta
kt	Kilotonne
LPA	An Ghníomhaireacht Forbartha Talún
Mt CO ₂ eq	Tonaí mega de choibhéis dé-ocsaíde carbóin
MWh	Megawatt uair an chloig

PFN	An Plean Forbartha Náisiúnta
NewEra	An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh
NOx	Ocsaíd nítriúil
NPWS	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
OÉG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
OSR	Oifig Soláthair an Rialtais
SAG	Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht
SDGs	Spricanna Forbartha Inbhuanaithe
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SSG	Grúpa Stiúrtha um Inbhuanaitheacht an Ghrúpa
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
SUPs	Plaistigh Aon-Úsáide
TCFD	Tascfhórsa um Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid
tCO ₂	Tonnaí dé-ocsaíd charbóin
TOD	Forbairt Dírithe ar Iompar
UCD	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
UN	Na Náisiún Aontaithe
UNEP FI	An Tionscnamh Airgeadais um Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe

Trí Cholún na hInbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ

Colún a hAon: Eacnamaíoch

Spric: Seirbhís iompair ar ardchaighdeán a sholáthar chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh, dul i ngleic le brú tráchta agus pobail, gnóthais agus eagraíochtaí a nascadh.

Colún a Dó: Sóisialta

Spric: Sochaí éagsúil agus uilechuimsitheach a chothú, rud a chinnteoidh deis do chách.

Colún 3: Comhshaoil

Spric: Oibriú le comhpháirtithe chun an t-aistriú chuig gréasán iompair astaíochtaí ísle a threorú agus chun cosaint a áirithiú do chaipiteal nádúrtha agus don bhonneagar atá i mbaol cur isteach a bhaineann leis an aeráid.



2 Réamhrá



Éire á hiompair i dtreo thodhchaí inbhuanaithe

Mar aon leis an bhfreagairt dhomhanda ar an bpaindéim, is é an t-athrú aeráide an dúshlán is suntasaí atá roimh an domhan. Agus tuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar Athrú Aeráide (IPCC) deimhniú go bhfuil athrú aeráide spreagtha ag an duine, tá sé de dhualgas orainn go léir an méid is féidir linn a dhéanamh chun téamh a theorannú go 1.5 céim.

Ceapadh colún comhshaoil Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ chun astaíochtaí laistigh den earnáil iompair a laghdú. Tá ár Straitéis deartha freisin chun spriocanna eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach.

Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh maidir le Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm ina chéad bhliain oibrithe. Is léiriú é ar an obair chrua agus ar thiomantas na foirne

ar fud an Ghrúpa gur féidir linn tuairisciú cheana féin ar éachtaí suntasacha faoinár Straitéis. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar an iliomad clár ina gcéimeanna luatha a mbeidh torthaí fiúntacha orthu sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Leis an deis infheistíocht gan fasach a dhéanamh in iompar poiblí, tá Grúpa CIÉ i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ag obair chun athrú suntasach a dhéanamh ar an soláthar iompair phoiblí.

I rith na paidéime, léirigh ár 10,500 fostaí tiomantas agus athléimneacht, ag soláthar rannchuidiú le luach nach beag don Ghrúpa. In 2020, leagamar amach plan le bheith inár ghnó ciorclach go hiomlán agus inbhuanaithe agus cé nach bhfuilimid ach ag cur tús lenár n-aistear inbhuanaitheachta, táimid tiomanta luas a chur faoinár ndul chun cinn.

Chun ár gcuaspóirí a bhaint amach, tá sé riachtanach straitéis inbhuanaitheachta a leabú i measc feidhmeanna agus oibríochtaí agus ról a shainiú do chách. Tá fonn agus tiomantas soiléir ónár ndaoine maidir le páirt a ghlacadh chun ár spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Ag féachaint don todhchaí, is é ár bhfócas ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus ár ngnó a athrú ó bhonn. Táimid ag iarraidh rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a thuiscint, agus measaimid go bhfuil an chothromaíocht dírithe ar dheiseanna don Ghrúpa.

Lorcan O'Connor
POF an Ghrúpa

3 Achoimre Fheidhmeach

Is é atá i straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ ná plean gníomhaíochta atá á sheachadadh ag Cuideachtaí Ghrúpa CIÉ, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Bus Éireann. Is é ár gcuspóir uileghabhálach spriocanna náisiúnta a bhaint amach, atá leagtha amach [Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021](#) agus tacú le [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe \(SDGanna\) na Náisiún Aontaithe](#) a bhaint amach. Tá ár straitéis curtha i bhfeidhm laistigh de trí cholún inbhuanaitheachta; eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, tá sí ailínithe leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. Tá na cuspóirí straitéiseacha ag teacht le tosaíochtaí infheistíochta [Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027](#) agus [Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030](#), leis an [gCreat Pleanála Náisiúnta \(Tionscadal Éireann 2040\)](#) agus le pleananna forbartha réigiúnacha. Leagtar amach fíis inti chun seirbhís iompair atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar; agus clár gníomhaíochta chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus ár bhfeidhmíocht shóisialta agus chomhshaoil a threorú.

3.1 Cuspóir

Is é an cuspóir atá againn ná Éire a iompar chuig toadhcháil inbhuanaithe, á thabhairt meas do ról an iompair phoiblí i bpobail inbhuanaithe, uilechuimsitheacha a bhaint amach, mar a leagtar béim air i SDG 11 'Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe', a bhfuil sé mar sprioc aige:



"rochtain a sholáthar ar chórais iompair atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe do chách, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, go háirithe trí iompar poiblí a leathnú, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na ndaoine sin atá i gcásanna leochaileacha, na mban, na leanaí, na ndaoine faoi mhíchumas agus na




Is é ár misean rogha iompair ísealcharbóin a thairiscint, pobail a nascadh; inrochtaineacht a uasmhéadú; bithéagsúlacht a chosaint agus tacú le fás dlúth. Táimid tiomanta do bheith inár ngnó lán-inbhuanaithe, ciorclach agus a bheith ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe, mar chuid de chur chuige comhtháite náisiúnta. Tá punann uathúil sócmhainní agus acmhainní againn a bhfuilimid ag gearáil go straitéiseach orthu, chun an t-idirasc idir an SDG agus ár n - oibríochtaí a uasmhéadú. Bliain ar aghaidh ónár Straitéis (Meitheamh 2020 go Meitheamh 2021) táimid ag athbheithniú ar an dul chun cinn agus ag tnúth le pleananna don bhliain amach romhainn.

Ó ceapadh ár gcéad straitéis inbhuanaitheachta in 2020, d'oibríomar chun ár scála, ár n-acmhainní agus ár saineolas a úsáid chun ár gcuspóirí inbhuanaitheachta a chur chun cinn. Chomh maith le tacú le geilleagar bríomhar agus pobail a nascadh, is é ár dtosaíocht oibriú le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amhail athrú aeráide, brú tráchta, cáilíocht an aeir agus forbairt inbhuanaithe uirbeach. In éineacht lenár bpáirtithe leasmhara, an tÚdaráis Náisiúnta Iompair (NTA) agus an Roinn Iompair (DoT), tá Grúpa CIÉ ag obair chun rogha iompair ísealcharbóin a sholáthar, ag tairiscint seirbhísí ardchaighdeán go minic chun aistriú módúil a spreagadh chun freastal ar dhaoine atá ag fás. Le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe, táimid ag obair chun [Clár an Rialtais](#) a sheachadadh; an [Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030](#); an [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide \(CAP\) 2021](#); agus [Tionscadal Éireann 2040](#), chun dul i ngleic le hathrú aeráide, brú tráchta a laghdú agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Cuirfidh an tionscadal [Éire a Nascadh](#) feabhas ar rochtain tuaithe ar sheirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre, agus forbróidh mórchathracha na hÉireann córais bus poiblí ardéifeachtúla tríd an tionscadal [BusConnects](#). Leanaimid ag seachadadh seirbhísí iompair scoile, ag cinntiú gur iompraíodh páistí go sábháilte i rith na paindéime Covid -19.

Tá fócas láidir ag ár straitéis inbhuanaitheachta ar spriocanna náisiúnta na hÉireann maidir leis an aeráid a bhaint amach, aistriú go flít ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha, ídiú breoslaí iontaise a laghdú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud oibríochtaí. Ciallaíonn sé sin ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú 51% faoi 2030, le meánlaghdú bliantúil de 7% mar bhuiséad carbóin. Leag an CAP sprioc síos don tionscal 300 bus Feithiclé Leictreá (EV) a úsáid faoi 2025 agus 1,500 faoi 2030. Táimid ag obair chun an sprioc seo a bhaint amach trí aistriú ár gcabhlach bus chuige feithiclé astaíochtaí ísle agus nialasacha, agus pleanáil le haghaidh claoclú gnó agus córais. Déanfaidh sraith réiteach maidir le bainistíú carbóin, amhail bithbhreoslaí méadaithe agus tionscnaimh choigilte fuinnimh flít, úsáid breosla iontaise a mhaolú ar fud ár líonra iarnróid agus bus.

Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 - Spriocanna Bus EV agus Astuithe



Tá seachadadh DART+, tabhairt isteach feithiclé bus plugála hibrideacha agus obair ullmhúcháin do theacht na bhfeithiclé leictreacha uile leagtha amach chun tionchar suntasach a imirt ar astaíochtaí an Ghrúpa. Sa bhliain a fhad le Meitheamh 2021, thugamar breis agus 135 feithiclé bus hibrideach i bhflít Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann isteach, méadú ar fhflít Euro VI go 63% do Bhus Éireann agus 58% do Bhus Átha Cliath, agus in 2022 feicimid flít iomlán leictreach i mBaile Átha Luain in 2022.

Táimid ag obair leis an NTA agus leis an DoT chun tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha malartacha amhail feithiclé bhreosla-chille hidrigine (FCEVanna), ag cur teicneolaíocht chomhlántach ar fáil d'aistí áirithe. I gcomhar lenár gcomhpháirtithe, sheolamar triail ar an gcéad FCEV in Éirinn in 2020, agus ansin imlonnú trí FCEV dhá stór le feidhmí i mBus Éireann.

CAP agus Spriocanna Inmheánacha Ghrúpa CIÉ

Carbón

- Astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030.
- Meascán na mbithbhreoslaí a mhéadú chun astaíochtaí ón bhflít reatha a laghdú.
- Neodracht carbóin faoi 2050.

Athrú Módúil

- 500,000 turas breise siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí in aghaidh an lae a chumasú faoi 2030.

Éifeachtacht Fuinnimh

- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% faoi 2030.

Athchúrsáil

- Ráta athchúrsála 75% a bhaint amach ar fud Ghrúpa CIÉ faoi 2025.
- Foirne Glasa a bhunú ar fud Ghrúpa CIÉ.

Dramhaíl

- Laghdú 25% ar dhramhaíl a tháirgtear ar fud Ghrúpa CIÉ a bhaint amach faoi 2025.
- Cosc a chur i bhfeidhm ar phlaistigh aonúsáide ar fud Ghrúpa CIÉ.

Tá sraith beart á dtabhairt isteach ar fud an ghréasáin iarnróid lena chinntiú go mbeidh 80% d'aistir Iarnród Éireann saor ó astaíochtaí díreacha faoi 2027. Faoin gclár DART+, déanfar an córas DART a leictriú agus a leathnú, ag leathnú ó 100km de rian leictirthe go 300km agus ag dúbailt na hacmhainne do phaisinéirí, rud a ísleoidh astaíochtaí díreacha go suntasach agus a mhéadóidh éifeachtúlacht líonra comaitéirí iarnróid paisinéirí Bhaile Átha Cliath.

Tá bearta éifeachtúlachta fuinnimh á dtástáil anois ar fhflít an iarnróid intercity (ICR), a léiríonn coigilteas breosla 20% agus tá trialacha seirbhíse le tosú in 2022. Sna deich mbliana amach romhainn d'fhéadfaí 18,000 tonna carbóin a sheachaint gach bliain, chomh maith le truailliú aeir agus torainn a laghdú. Suiteáladh luchtairí EV do thacsaithe ag stáisiúin iarnróid.

Leis na bearta sin in éineacht leis an infheistíocht sa ghréasán bus agus iarnróid araon, ba cheart go bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht charbóin agus astaíochtaí ón earnáil iompair a athrú.

Le scála ár n-oibríochtaí, tá dúshlán suntasach ann éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, ach tugann sé seo deis freisin tionchar a imirt ar spriocanna aeráide an Rialtais agus timpeallacht oibre níos fearr a chruthú dár ndaoine. Ag an am céanna, tá tús curtha againn le micrighiniúint leictreachais taobh thiar den mhéadar, agus tá bearta déanta againn chun réitigh éifeachtúlachta acmhainní a thabhairt isteach ar nós bailiú báistí ar fud an Ghrúpa. Tá giniúint leictreachais in-athnuaite ar an láthair á cioradh ag Iarnród Éireann, agus tá painéil fhótavoltacha ar díon iosta Phibsboro suiteáilte ag Bus Átha Cliath d'fhonn an tionscadal píolótach seo a mheas le haghaidh suímh bhreise.

Tá punann shuntasach réadmhaoine ag CIÉ Group, áit a bhfuil tailte barrachais, agus déanaimid iarracht forbairt dírithe ar iompar (TOD) a sholáthar. Sa bhliain go Meitheamh 2021, chuir CIÉ Group pleanáil chun cinn do TOD in áiteanna tábhachtacha réigiúnacha agus cathracha, ag cur forbairt uirbeach d'ardchaighdeán chun cinn timpeall moil mhóra iompair. I measc na dtionscadal bhí ullmhúchán do sheoladh [Mháistirphlean Stáisiún Heuston](#) agus obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) ar Chreat-Staidéar Spásúlachta do [Stáisiún Cholbaird, Luimneach](#).

Rinneamar dul chun cinn sna chéad chéimeanna i dtreo ciorclaíocht fheabhsaithe. Rinneamar iniúchadh ar bhainistíocht dramhaíola agus acmhainní ar fud an Ghrúpa. Tá treochlár curtha ar fáil againn chun dramhail a bhrú amach agus chun ár spriocanna ciorclacha a bhaint amach. Tá dúshlán ann maidir le héifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú ar fud na slabhraí soláthair, ach tugann fianaise luath le fios go mbaineann buntáistí comhshaoil, airgeadais agus éifeachtúlachta leo. Tá spriocanna uailmhianacha Grúpa againn chun dramhail a laghdú 25% agus athchúrsáil a mhéadú 75% faoi 2025 agus tá sé beartaithe againn córas bainistithe sonraí agus tuairiscithe ar fud an Ghrúpa a chur i bhfeidhm, ar féidir leis monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ghlacamar le toirmeasc ar phlaistigh aonúsáide (SUPanna) agus ghlacamar le prionsabail soláthair ghlais. Tá sé i gceist againn soláthar glas a úsáid chun ár spriocanna ciorclacha a fheabhsú agus chun úsáid measúnú saolré a thabhairt isteach le haghaidh anailís iomlánaíoch ar an slabhra luacha. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le soláthraithe agus le tionchar scála a sheachadadh.

Éilíonn straitéis na hÉireann um oiriúnú don aeráid ullmhú d'aeráide athraitheach, cailliúint comhshaoil agus bithéagsúlachta. Tá Iarnród Éireann agus an NTA tar éis cosaint ár gcósta a chur chun cinn le tionscadal Cosanta Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) agus cuireadh tús le hoibreacha substaintiúla ag Ros Láir agus le hoibreacha eatramhacha ag Cill Iníon Léinín agus ag Ceann Bhré. Leanann an Grúpa d'infheistíocht a dhéanamh i mbithéagsúlacht mar chuid dár maolú aeráide agus comhshaoil, trí infheistíocht a dhéanamh i bplandú dúchais ar fud na gclár líonra agus bithéagsúlachta agus na bpleananna pailneora. Tá pleannanna pailneoirí ag Iarnród Éireann ar fud 33 stáisiún agus tá sé beartaithe acu clár Urraíochta Corparáideach Beacha a chur i bhfeidhm in 2022. Chomh maith leis sin, tá infheistíocht bithéagsúlachta agus gairdín pobail beartaithe ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann d'Iosta na Cloiche Leithne.

Táimid tiomanta do thrédhearcacht agus do chuntasacht níos fearr maidir le nochtadh aeráide agus bíodh gur tuairiscíodh bainistiú carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh d'Udarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) go bliantúil, leag Grúpa CIÉ amach tiomantas poiblí nochtadh faoin Tionscadal Nochtadh Carbóin (CDP) agus athruithe a dhéanamh chun tuairisciú dea-chleachtais a chur i bhfeidhm. In 2020 leagadh béim ar Ghrúpa CIÉ mar fhreagróir céaduaire is fearr do 2019, rud a sháraigh norm an tionscail d'fhreagróir céaduaire, mar a bhí le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil Líonra CDP Éire 2020. Agus moltaí CDP á gcur san áireamh aige, chuir an Grúpa maoirseacht rialachais fheabhsaithe ar CIÉ le tabhairt isteach an Ghrúpa Chomhairligh um Inbhuanaitheacht (SAC), fochoiste de chuid Bhord CIÉ. Aithníodh an dul chun cinn seo sa mheastóireacht CDP in 2021, a leag béim freisin ar rannpháirtíocht a bhfuil géarghá léi lenár slabhra luacha agus astaíochtaí Scóip 3. Táimid ag infheistiú acmhainní chun riosca agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mheas agus pleanáil chun ár straitéis aeráide fadtéarmach a thástáil le pleanáil cásanna aeráide. Tacaímid leis an [Tascfhórsa um Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid \(TCFD\)](#) agus táimid ag ullmhú chun ár dtuairisciú agus cuntasacht neamhairgeadais a mhéadú, go háirithe chun ár noibleagáidí faoin [Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí \(CSDR\)](#) a chomhlíonadh.


Ag Grúpa CIE, tá sé i gceist againn maoiniú agus tacaíocht a chur ar fáil do chuspóirí inbhuanaitheachta agus beidh muid i mbun bainistíochta infheistíochta freagrach, lena n-áirítear maoirseacht ar dhícheall cuí ar chearta an duine.

Mar gheall ar chastacht na ndúshlán eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, tá gá le cur chuige comhoibríoch, comhtháite chun réitigh a sholáthar. Is ár ngnó iad ár ndaoine, agus daingníonn ár straitéis inbhuanaitheachta d'fholláine fheabhsaithe fostaithe agus chun ról a chinntiú do gach duine maidir le cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach. Agus ár gcéad teagmháil le páirtithe leasmhara d'fhostaithe curtha i gcrích againn, tá sé beartaithe againn straitéis a fhorbairt ina dtabharfar suntas d'ionchur gach duine.

Ina theannta sin, in 2022 tá sé i gceist ag CIE Tours fíis do straitéis inbhuanaitheachta a leagan amach agus a sheasamh i margadh na turasóireachta inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn a shainiú.

Tá CIE Group tiomanta do rannchuidiú luachmhar a dhéanamh leis an inbhuanaitheacht trí thacú le pleanáil straitéiseach agus náisiúnta do thodhchaí saor ó charbón. Chuige sin, táimid ag obair chun cur chuige ildisciplíneach, bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun cosán a mhapáil chuig earnáil iompair saor ó charbón. Táimid ag obair leis na príomhinstitiúidí taighde agus forbartha agus lucht déanta beartas, lena n-áirítear Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), OÉ Gaillimh agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun acmhainní agus saineolas a thiomsú, chun an t-aistriú fuinnimh a chumasú.

3.2 Éachtaí Inbhuanaitheachta



Inbhuanaitheacht Ghrúpa

Eacnamaíoch

- Ag obair ar phlean deich mbliana chun tionscadail shuaitheanta TOD a sheachadadh.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara ar fhorbairt beartais náisiúnta do gheilleagar ísealcharbóin, lena n-áirítear comhtháthú na gcóras iompair agus fuinnimh.

Timpeallacht

- Tiomantas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
- Tionscadail bhithéagsúlachta curtha i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.
- Ag obair i dtreo spriocanna CBT le dícharbónú an fhlít agus tástáil an fhlít hidrigine.
- Deimhnithe éifeachtúlachta fuinnimh agus bainistíochta fuinnimh bainte amach nó ar siúl.
- Aitheanta le haghaidh dul chun cinn an gheilleagair chiorclaigh ag an EPA.
- Iníúchadh ar dhramhail an ghrúpa curtha i gcrích chun tacú le straitéis chiorclach.
- Pleanáil chun moltaí GPP a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.
- Úsáid níos mó a bhaint as bithbhreoslaí agus as breoslaí in-athnuaite ar fud fhlít an líonra.

Sóisialta

- Obair leanúnach le grúpaí deonacha agus pobail.
- Trédhearcacht agus tiomantas don éagsúlacht, don chomhionannas agus don chuimsiú ar fud an Ghrúpa.
- Gealltanais maidir le hinrochtaineacht feithicle agus stáisiúin a fheabhsú.
- Infheistíocht i sláinte agus folláine.

Rialachas

- Astaíochtaí CO₂ do 2020 a cuireadh faoi bhráid CDP agus rátáil 'B' bainte amach.
- Tacú le tiomantas náisiúnta don TCFD.
- Tháinig líon beag corparáidí isteach ag obair le UNEP FI.
- Bunaíodh fochoiste an Ghrúpa Chomhairligh um Inbhuanaitheacht i mí an Mheithimh 2021 agus an Grúpa Stiúrtha um Inbhuanaitheacht.
- Ag ullmhú chun tuairiscí faoi CSRD agus Tacsanomaíocht AE.

Ceannaireacht

- Tiomantas agus uaimhian do straitéisí inbhuanaitheachta ar fud an Ghrúpa.
- Luathghlacadóir le SDGanna na Náisiún Aontaithe.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe chun iompar atá neodrach ó thaobh carbóin de a sheachadadh.

Nuálaíocht

- Pleanáil uile an Oileáin le haghaidh astaíochtaí aeráidneodra.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara ar bhús H₂ Aonair, SeaFuel, tionscadail HyLight.
- Tiomantas do spriocanna atá bunaithe ar an Eolaíocht a shocrú.
- Ag obair chun tacú le forbairt an chéad mhol hidrigine glas in Éirinn.

Tá cur síos ar thuilleadh sonraí faoi na garspriocanna agus na tionscadail atá idir lámha i rannóg 5.2.1.

Táimid tiomanta le borradh a chur faoi chlaochlú, trí shócmhainní an Ghrúpa a úsáid chun tacú le nuálaíocht aeráide. Tá deiseanna á bhfiosrú agus á bhforbairt ag Calafort Ros Láir chun tacú le tionscal na gaoithe amach ón gcósta agus chun acmhainneacht fhadtéarmach a fheiceáil d'iompar lastais hidrigine. Táimid ag tacú le forbairt gheilleagar na hidrigine, ag obair le comhpháirtithe chun an chéad mhol iompair hidrigine in Éirinn a fhorbairt i nGaillimh.

Cuirfidh comhpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lucht tionscail agus lucht déanta beartas ar chumas Ghrúpa CIÉ ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus tacú le dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Sa bhliain amach romhainn táimid tiomanta do chomhoibriú chun an t-aistriú fuinnimh a sheachadadh agus chun tionchar a imirt ar scála.

3.3 Ailíniú le Creat TCFD

In 2015, bhunaigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais an TCFD, chun moltaí a fhorbairt le haghaidh nochtadh níos éifeachtaí a bhaineann leis an aeráid, agus chun cinntí infheistíochta eolasacha agus forbairt straitéiseach atá oiriúnaithe don aeráid a chur chun cinn. Bíodh gur creat deonach é an TCFD, tá **tacaíocht rialála** idirnáisiúnta ann d'ailíniú TCFD i dtuairiscíú airgeadais agus neamhairgeadais. In Éirinn, cuireann an Rialtas anois glacadh an TCFD chun cinn ar fud an ghnó agus an tionscail mar chuid dá n-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. In 2021, thacaigh CIÉ Group le creat TCFD agus tá sé ag ailíniú tuairiscithe a bhaineann leis an aeráid do na moltaí, lena n-áirítear: rialachas, straitéis, bainistíocht riosca, agus méadrachtaí agus spriocanna. Glacann an t-athbheithniú seo le moltaí TCFD agus tugann sé breac-chuntas ar dhul chun cinn inbhuanaitheachta an Ghrúpa CIÉ go dtí seo ó Mheitheamh 2021, na tionscnaimh inbhuanaitheachta atá i bhfeidhm, agus ár bpleananna chun leanúint ag obair ar fud an Ghrúpa lena chinntiú go gcomhlíonann ár gcaighdeáin tuairiscithe caighdeáin dea-chleachtais TCFD.


3.4 Am le Gníomhú

Tá fócas an phobail ar athrú aeráide ag an leibhéal is airde riamh tar éis an séú **tuarascáil IPCC** a foilsíodh le déanaí agus tar éis an **26ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide (COP26)** i nGlaschú. Dheimhnigh tuarascáil IPCC, a foilsíodh i mí Lúnasa 2021, gurb í gníomhaíocht an duine is cúis leis an athrú aeráide agus go gcaithfidh téamh domhanda a bheith teoranta do 1.5 céim Celsius chun tionchair thubaisteacha a athraithe aeráide a sheachaint. Is í an tslí ríthábhachtach chun é sin a bhaint amach ná trí astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCTanna) a laghdú 50% faoi 2030 chun astaíochtaí aeráidneodracha a bhaint amach faoi 2050.

Lean COP26 foilsíú tuarascáil IPCC i mí na Samhna 2021 agus bhí práinn na tuarascála mar bhonn eolais ag na cinntí beartais a rinneadh ag an gcomhdháil. Ba cheann de phríomhaidhm COP26 ná cinntiú go bhfuil na spriocanna bliantúla maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus laghduithe arna leagan síos ag balltíortha COP ag teacht leis an sprioc maidir le astaíochtaí aeráidneodracha faoi 2050. Is ionann sin don AE agus laghdú 55% faoi 2030, agus d'Éirinn, is é an sprioc laghdú 51% a bhaint amach. Tá straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ i gcomhréir leis an sprioc seo agus áirítear leis an sprioc go laghdófar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ag 51% (CO₂).

In Éirinn, tá rianú á dhéanamh ar astaíochtaí ar fud na n-earnálacha go léir d'fhonn tacú leis an sprioc seo 51% a laghdú faoi 2030. B'ionann an earnáil iompair agus 17.9% d'astaíochtaí in 2020, arb ionann é agus laghdú 15.7% i gcomparáid le hastaíochtaí 2019. Mar sin féin, is féidir cuid mhaith den laghdú seo a chur i leith na dteorainneacha ar thaisteal mar gheall ar shrianta COVID-19. Agus deireadh á chur de réir a chéile le srianta COVID-19 ó 2021 ar aghaidh, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú arís eile ar thurais phaisinéirí, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí iompair dá bharr.

Sciar d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann in 2020 Sannta don Earnáil Iompair



Foinse: GCC.

D'fhonn astaíochtaí CO₂ na hÉireann a laghdú, leag an Rialtas amach treochlár chun spriocanna náisiúnta aeráide agus fás eacnamaíoch agus sóisialta inbhuanaithe a sholáthar agus a mhaoiniú i [gClár an Rialtais 2020](#). Rinne sé seo achoimre ar na spriocanna agus na huaillmhianta le haghaidh iompair in Éirinn, ag cur béime ar an infheistíocht leanúnach in iompar poiblí chun líonra bus, iarnróid éadroim, comaitéara agus ICR na hÉireann a fheabhsú ar fud na tíre. Tugann an fhís seo breac-chuntas ar ról ríthábhachtach an iompair phoiblí, na soghluaisteachta inbhuanaithe agus an fháis dhlúth chun tacú le forbairt náisiúnta inbhuanaithe.

Ina dhiaidh sin glacadh leis an [tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin \(Leasú\), 2021](#), a chuimsíonn tiomantas an Rialtais dá Spriocanna Náisiúnta Aeráide a bhaint amach.

I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh an rialtas an riantas an CAP nuashonraithe. Is treochlár earnála é an CAP chun cuspóir náisiúnta na hÉireann a bhaint amach maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, de réir spriocanna an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. cocraítear cuspóirí maidir le hastaíochtaí a laghdú do mhórearnálacha le CAP, lena n-áirítear sprioc chun astaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú 51% faoi 2030.

Aithníonn an Rialtas príomhról an iompair phoiblí maidir le carbón a bhaint as an iompar agus leagann sé cuspóir eile amach: iompar poiblí laethúil agus turais taistil ghníomhacha a mhéadú 14% faoi 2030, méadú laethúil de 500,000 turas.

Is iad na bearta breise san earnáil iompair i CAP ná an tionscadal [BusConnects](#) i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach, [Éire a Nascadh - Plean Soghluaisteachta Tuaithe](#) agus an clár [DART+](#). Tacaítear le go leor de na gníomhaíochtaí i CAP le leithdháilí buiséid sa [Plean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030](#) ar fiú €165 billiún iad.

Tá Grúpa CIÉ ag obair chun an infheistíocht in iompar náisiúnta agus i leathnú seirbhísí a sholáthar. Ag an am céanna, táimid ag obair leis an NTA chun aistriú chuig flít iompair ísealcharbóin agus feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

[Tithíocht do Chách 2021: Plean Tithíochta Nua d'Éirinn](#) isteach agus é mar chuspóir foriomlán aige córas tithíochta na hÉireann a fheabhsú agus níos mó tithe de gach cineál a sholáthar chun freastal ar dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu. Tá sé beartaithe ag an Rialtas soláthar seasta tithíochta a chruthú agus 33,000 teach nua a sholáthar ar an meán gach bliain ó 2021 go 2030. Tá sé mar aidhm ag CIÉ Group tacú leis an sprioc náisiúnta tithíochta seo trína phleananna TOD a ghairíl chun aonaid tithíochta cónaithe a sholáthar ar thalamh faoi úinéireacht Ghrúpa CIÉ.

3.5 Nochtadh Inbhuanaitheachta

Tá ceanglais maidir le rialachas corparáideach feabhsaithe i dtuairisciú inbhuanaitheachta sainordaithe anois i CSRD agus i [Rialacháin Tacsanomaíochta AE](#) a foilsíodh in 2021 agus atá ag teacht i bhfeidhm in Eanáir 2022. Tugann an CSRD Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta sainordaithe AE isteach chun faisnéis neamhairgeadais a nochtadh.

Eiseofar an chéad sraith de dhréachtchaighdeáin faoi lár 2022 agus cuirfeadh san áireamh tionscnaimh dhomhanda um leagan síos caighdeán amhail TCFD. Ceanglaítear le Tacsanomaíocht AE ar chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme CSRD tuairisciú a dhéanamh ar a inbhuanaithe is atá a ngníomhaíochtaí mar atá sainithe ag Rialacháin Tacsanomaíochta AE. Ní mór do chuideachtaí a gcuid rannchuidithe a lua chun sé chuspóir comhshaoil a bhaint amach: maolú ar an athrú aeráide; oiriúnú don athrú aeráide; cosaint an uisce agus acmhainní mara; aistriú go gilleagar ciorclach; cosc agus rialú truailithe; agus cosaint d'éiceachórais shláintiúla. Ceanglófar ar Ghrúpa CIE tuairisciú faoin dá rialachán agus tá sé ag ullmhú chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht.

In Éirinn, tá na ceanglais tuairiscithe agus rialachais tosaigh a bhaineann LE CBT eisithe freisin. Tá NewERA tar éis Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide a dhearadh do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, rud a léiríonn an ról eiseamláireach atá acu maidir le dícharbónú.

Tá SEAI agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ag comhoibriú freisin chun treoir a fhoilsiú chun Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. Tríd an uirlis [SEAI 'Gap to Target' tool](#) a úsáid, beidh eagraíochtaí in ann tuiscint a fháil ar na céimeanna agus ar na hinfheistíochtaí a theastaíonn chun a spriocanna a bhaint amach. Tá Grúpa CIE ag ullmhú chun tuairisciú bunaithe ar threoir NewEra, EPA agus SEAI in 2022, nuair a bheidh na hionchais curtha in iúl go foirmiúil.





















Beidh ar Ghrúpa CIE a chinntiú go bhfuil ár sásraí agus próisis tuairiscithe i bhfeidhm chun faisnéis thrédhearcach, chruinn agus thráthúil a sholáthar le haghaidh tuairiscithe. Cabhróidh sé seo le rianú i gcoinne ár spriocanna mar atá leagtha amach ag an CAP agus tuairisciú i gcoinne na gcreataí atá foilsithe ag NewEra, SEAI agus an EPA.

Déantar achoimre níos mionsonraithe san aguisín ar bheartais chomhshaoil agus tithíochta ábhartha breise. Tá na beartais seo mar bhonn eolais ag na spriocanna, na tionscadail agus na deiseanna a bhaineann leis an aeráid a leagtar amach i straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIE .



4 Forbheathnú ar Éachtaí Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ

Tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag Grúpa CIÉ maidir lenár ngarsprioscanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Chuir tionscadail a rinneadh in 2020 agus sa chéad leath de 2021 le héifeachtúlacht fuinnimh, le bainistíocht carbóin, le tuairisciú inbhuanaitheachta agus le cosaint an chomhshaoil.







Iarnród Éireann	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ
 <p>Toosaigh sé a chleachtais GPP trí dhul i dteagmháil le díoltóirí chun fiosrú a dhéanamh ar roghanna eile seachas plaistigh, le torthaí dearfacha le táirgí glantacháin agus ticéid pháipéir.</p>	 <p>Fuair Bus Átha Cliath seachadadh de 74 feithicil hibrideach agus bonneagar luchtaithe in 2021 agus tá sé ag obair leis an NTA agus BSL chun bonneagar luchtaithe a shuiteáil le haghaidh feithicil lánleictreacha.</p>	 <p>Chuaigh trí bhus breosla-chille hidrigine dhá stór i mBaile Seirbhíse in 2021.</p>	 <p>Ag obair chun roghanna a fhiosrú maidir le comhtháthú bithbhreoslaí, hidrigin agus breoslaí in-athnuaite ar fud fhlíte an líonra, agus tá siad ag tacú le forbairt an chéad mhol hidrigine glas in Éirinn.</p>
 <p>Straitéis Inbhuanaitheachta "SustainabilITE" seolta ag deireadh 2021.</p>	 <p>Tá deimhniú ISO 50001 i bhfeidhm do Bhus Átha Cliath, agus táimid ag obair i dtreo deimhniúcháin ISO 14001 a fháil.</p>	 <p>Déanann comhpháirtí bainistíochta dramhaíola Bhus Éireann beagnach 1,000 tonn de chuid Bhus Éireann a athchúrsáil gach bliain.</p>	 <p>I mí na Samhna 2021, seoladh an Máistirphlean Stáisiúin Heuston uailmhianach a sholáthróidh forbairt uirbeach inbhuanaithe i mBaile Átha Cliath.</p>
 <p>Tá pleananna pailneoirí ag os cionn 30 stáisiún iarnróid, agus tá sé beartaithe acu Clár Urraíochta Corparáideach Beacha a chur i bhfeidhm in 2022.</p>	 <p>Tá straitéis fhoirmiúil inbhuanaitheachta á forbairt faoi láthair ag Bus Átha Cliath.</p>	 <p>Feabhas ar Inrochtaineacht Feithiclé go 100% le roinnt tionscadal bonneagair i rith na bliana.</p>	 <p>Baineadh amach rátáil 'B' CBF ar fud an Ghrúpa in 2021 don dara bliain as a chéile.</p>
 <p>Úsáid cumaisc bhithbhreosla 7% a thriail chun a hinnill traenach a chumhachtú chun comhoiriúnacht innill le bithdhíosal a chinntiú.</p>	 <p>Tá córas píolótach bailithe báistí á fhorbairt ag Garáiste Bus Chnoc an tSamhraidh, agus pleananna i bhfeidhm chun é seo a leathnú amach chuig iostaí bus eile.</p>	 <p>Seoladh an Straitéis Inbhuanaitheachta "Driving Change Sustainability Strategy 2021-2030".</p>	 <p>D'éiríomar inár dtacaí de chuid TCFD in 2021 agus táimid ag glacadh le moltaí an TCFD inár gcaighdeán tuairiscithe in 2022.</p>
 <p>Tosaíodh flít seirbhíse feithicil leictreacha a thabhairt isteach ó 13 go 28 in 2021 i gcomhar leis an</p>	 <p>Tá infheistíocht bhithéagsúlachta pleanáilte ann do Gharáiste na Cloiche Leithne.</p>	 <p>Tá imlonnú an chéad fhlíte busanna a fheidhmíonn go leictreach go hiomlán i mBaile Átha Luain faoi chaibidil do 2022.</p>	 <p>Á iarraidh creidiúnú a bhaint amach ar fud an Ghrúpa sa chlár KeepWell arna fhorbairt ag Cónaidhm Ghnóilachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).</p>

4.1 Buaicphointí PTF Neamh-Airgeadais

4.1.1 Feidhmíocht Inbhuanaitheachta

Tá bearta chun spriocanna aeráide na hearnála poiblí a bhaint amach agus lorg carbóin cuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIE a laghdú tar éis feabhsuithe ó bhonnlínte a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana.

Leagann na figiúirí thíos béim ar fheabhsuithe gach cuideachta oibriúcháin in éifeachtúlachtaí CO₂ agus athchúrsáil dramhaíola ó bhonnbhliain gach cuideachta oibriúcháin go dtí deireadh 2020.


Cuideachta Oibriúcháin	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
			
	Sprioc 2030	% den athrú 2009-2020	% den athrú 2008-2020
 Laghdúithe CO ₂	↓ 51.00%	↓ 16.16%	↓ 42.41%
 Ídiú Fuinnimh An laghdú	↓ 50.00%	↓ 16.02%	↓ 39.23%
 Méadú ar Athchúrsáil Dramhaíola	↑ 75.00%	↑ 15.00%	↑ 69.00%

4.1.2 Ídiú Fuinnimh

Mar thoradh ar oibriú trí phaindéim COVID -19, tháinig laghdú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin in 2020, agus lean seo treocht ghinearálta thíos in astaíochtaí CO₂.

Tá an laghdú seo ar ídiú fuinnimh le feiceáil sna táblaí thíos, le laghdú 15% ar ídiú fuinnimh ar fud an Ghrúpa ó 2019 go 2020.

Ídiú Fuinnimh Ghrúpa CIÉ 2012-2020




In 2020, mar gheall ar shrianta ar thoilleadh COVID, laghdaigh líon na bpaisinéirí go suntasach. Mar sin féin, choinnigh CIE Group gnáthsheirbhísí, dá bhrí sin tá na hastaíochtaí in aghaidh an phaisinéara níos airde i gcomparáid le blianta roimhe seo.

Miondealú ar Ídiú Fuinnimh Grúpa CIÉ 2019 -2020 (MWhR)

Ídiú Fuinnimh	2020	2019
Ola Díosail	880,426	1,034,781
Leictreachas le haghaidh tarraingthe	23,235	27,695
Leictreachas le haghaidh eile	44,987	45,440
Gual	25,854	27,259
Iomlán	974,502	1,135,175

Miondealú ar Ídiú Fuinnimh Ghrúpa CIÉ



Agus deireadh á chur de réir a chéile le bearta maidir le scaradh sóisialta in 2021, chuir an Grúpa fáilte roimh phaisinéirí agus d'oibrigh sé chun bearta sláinte agus sábháilteachta a choinneáil ar bord ár seirbhísí.

D'fhéadfaí seirbhísí méadaithe a bheith ina gcúis le treocht aníos in astaíochtaí CO₂ agus in ídiú fuinnimh i gcomparáid le figiúirí 2020, ach tá Grúpa CIÉ ag obair ar straitéis éifeachtach um bainistiú carbóin ar fud an Ghrúpa i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha amach i CAP.

Léiríonn an tábla thíos an ídiú fuinnimh ar fud an Ghrúpa sa chéad sé mhí de 2021.

Miondealú ar Ídiú Fuinnimh Grúpa CIÉ Eanáir - Meitheamh 2021 (MWhR)

Ídiú Fuinnimh	2021
Ola Díosail	397,232
Leictreachas le haghaidh tarraingthe	9,139
Leictreachas le haghaidh eile	24,765
Gual	15,431
Iomlán	446,567


4.1.3 Turais Phaisinéirí 2021

Turais Phaisinéirí Ghrúpa CIÉ Eanáir - Meitheamh 2021

Cuideachta Oibriúcháin	Turais Phaisinéirí
Iarnród Éireann	4.8 milliún
Bus Átha Cliath	25 milliún
Bus Éireann	23 milliún
Iomlán	52.8 milliún

Bhí líon na bpaisinéirí don chéad leath de 2021 níos ísle i gcomparáid le líon na bpaisinéirí roimh an bpaindéim.

4.1.4 Astaíochtaí CO₂ i gCoinne Spriocanna 2020 agus 2030, le Bonn bhliain 2018 Astaíochtaí CO₂ Ghrúpa CIÉ vs Sprioc 2020 vs 2030 (tonnaí CO₂)




	Iarnród Éireann	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iomlán
Fíor-Fhigiúr 2020	112,230	72,980	63,400	248,610
Sprioc 2020 (30% den Bhonn bhliain)	138,348	58,628	75,391	272,367
Sprioc 2030 (50% den Bhonn bhliain)	98,820	39,900	53,851	192,571

Tá laghdú ar astaíochtaí carbóin bainte amach ag CIÉ Group in 2020, le laghdú 15% ar astaíochtaí CO₂ ó 2019 go 2020. Táimid ag obair go leanúnach i dtreo na spriocanna CAP ar lagduithe astuithe 7% bliain ar bhliain agus laghdú astuithe 51% faoi 2030 (ón mbonnbhliain de 2018) le héifeachtúlacht fuinnimh éifeachtach agus láidir agus plean bainistíochta carbóin. Tá bearta á ndéanamh ag Grúpa CIÉ chun a chinntiú go bhfanann astaíochtaí díreacha agus astaíochtaí in aghaidh gach turais phaisinéirí chomh híseal agus is féidir d'fhonn ár spriocanna a bhaint amach. Féach thíos astaíochtaí ar fud an Ghrúpa don chéad leath de 2021.

Astaíochtaí CO₂ Ghrúpa CIÉ Eanáir - Meitheamh 2021 (tonnaí CO₂)

Iarnród Éireann	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iomlán
47,640	34,370	28,390	110,400

Astaíochtaí Ghrúpa CIÉ amhail Eanáir - Meitheamh 21 (tonnaí CO₂)

4.2 Éachtaí Inbhuanaitheachta

Tugtar achoimre thíos ar éachtaí inbhuanaitheachta an Ghrúpa CIÉ.

4.2.1 Bainistíocht Fuinnimh agus Comhshaoil

Tá deimhniú ISO bainte amach ag cuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ thar chórais bhainistíochta éagsúla. Tugann na caighdeáin deimhniúcháin seo breac-chuntas ar na córais bhainistíochta dea-chleachtais chun soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán a rialáil, tionchar ar an gcomhshaoil a íoslaghdú, úsáid éifeachtúil fuinnimh, agus sláinte agus folláine na n-oibríthe.

Fuair gach cuideachta oibriúcháin deimhniú ISO 50001 tríd an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, agus tá Bus Átha Cliath ag obair i dtreo a ndeimhniú ISO 14001 faoi láthair. Tá Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ ag ullmhú freisin chun a gcéad iniúchadh ISO 14001 a dhéanamh in 2022.

Deimhniúcháin agus Caighdeáin Bhainistíochta		
	Bainte amach	Ar siúl
Bus Átha Cliath	<ul style="list-style-type: none"> ISO 50001 Bainistíocht Fuinnimh ISO 9001 Bainistíocht Cáilíochta ISO 45001 Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde 	<ul style="list-style-type: none"> ISO 14001 Bainistíocht Chomhshaoil
Iarnród Éireann	<ul style="list-style-type: none"> ISO 14001 Bainistíocht Chomhshaoil ISO 50001 Bainistíocht Fuinnimh ISO 9001 Bainistíocht Cáilíochta ISO 45001 Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde 	
Bus Éireann	<ul style="list-style-type: none"> ISO 14001 Bainistíocht Chomhshaoil ISO 50001 Bainistíocht Fuinnimh 	

4.2.2 Comhdhéanamh an Fhlít

Tá Grúpa CIÉ tiomanta d'astaíochtaí GCT a laghdú 51% faoi 2030 agus aeráidneodrach faoi 2050.

I dtreo an AE maidir le Feithicil Ghlan, leagtar amach spriocanna maidir le flíteanna tromshaothair na hearnála poiblí chun flít íseal nó aeráidneodrach ar 45% a bhaint amach faoi 2026 agus 65% faoi 2030. Le tacaíocht ón NTA, táimid ag cur dlús le himlonnú feithicil ísealcharbóin agus gan aon charbón agus táimid ag déanamh ullmhúcháin oibríochta d'feithicil cheallra-leictreacha i bhflít Bhus Éireann agus i bhflít Bhus Átha Cliath araon.

Le dúshlán theicniúla reatha d'feithicil cheallra-leictreacha le haghaidh turais fad-achair agus ardmhínicíochta, táimid ag triail teicneolaíochtaí nua ar nós FCEV Hidrigin chun réitigh a sholáthar le haghaidh flít busanna aeráidneodra.

Flít – Euro VI Inneall Caighdeáin Astaíochta (Euro VI), Feithiclí Leictreacha Hibrideacha (Hibrideach) and Feithiclí Iomlán Leictreacha (Leictreach)			
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Céatadán den Fhlít – Euro VI	63%	58%	–
Céatadán den Fhlít – Hibrideach	4%	6%	4%
Céatadán den Fhlít – Leictreach	0%	0%	15%

4.2.3 Aistriú chuig Iompair Astaíochtaí Nialasach

Aistriú go flít iompair astaíochtaí nialasacha – Cuireadh borradh faoi seo in 2020 le dul chun cinn ar DART+; imlonnú flít hibrideach i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann agus ullmhú oibriúcháin do sholáthar feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an NTA thar 2021.

Sholáthair Grúpa CIÉ, in éineacht le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann agus páirtithe leasmhara eile, an chéad FCEV hidrigine ar bhóithre na hÉireann. Ba é seo an chéad chéim chun tástáil a dhéanamh ar na hastaíochtaí nialasacha féideartha ó theicneolaíocht bhreosla-chille

Chuir an triail cás tástála ar fáil don teicneolaíocht inár seirbhísí agus chuir sí sonraí luachmhara feidhmíochta ar fáil. Bhí an triail mar thoradh ar chomhoibriú idir baill de HMI, lena n-áirítear Caetano Bus; Toyota Ireland; DCU; BOC; BSL agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC). Léirigh torthaí na trialach inmharthanacht theicneolaíocht breosla-chill hidrigine, a sholáthraíonn roghanna flít le haghaidh turais fhadtréimhseacha agus ardmhíochta.

Ag leanúint ón triail tosaigh de bhusanna hidrigine, chuaigh trí bhus breosla-chill hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) i lár mhí Iúil 2021 mar chuid de chlár píolótach teicneolaíochta breoslaí malartacha atá á dhéanamh ag an NTA i gcomhar le Bus Éireann. Bíodh go bhfuil busanna ceallra-leictreacha oiriúnach go maith do sheirbhísí bus i gceantair uirbeacha, ar sheirbhísí comaitéireachta agus idir-uirbeacha níos faide, d'fhéadfadh heicneolaíocht breosla-chill hidrigine a bheith ina teicneolaíocht mhalartach iomchuí chun astaíocht sceithphíopa nialasach a sholáthar mar mhalairt ar dhíosal. Tabharfaidh an teicneolaíocht píolótach léargas luachmhar ar úsáid an chineáil feithicle seo agus é i mbun lánoibriúchta chustaiméirí thar thréimhse bhreisithe ama, rud a bheidh ríthábhachtach maidir le leathnú amach tionscadal astaíochtaí nialasacha eile a chur chun cinn.

Go dtí seo, tá os cionn 30,000 ciliméadar curtha i gcrích ag na trí bhus le chéile le Bus Éireann, tar éis dóibh a bheith imlonnaithe ar dtús ar chonair R105X/103 idir Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus Contae na Mí. Is ionann sin agus laghdú thart ar 25 tona CO₂ de bhua na seirbhísí seo a bheith á n-oibriú le hastaíocht nialasach, seachas busanna díosail amháin. Ina theannta sin, d'fhan ídiú hidrigine go comhsheasmhach ag deireadh níos ísle na próifíle ídithe ionchais.



Bhí aiseolas ó phaisinéirí agus ó thiománaithe thar a bheith dearfach, ag aithint na mbuntáistí comhshaoil a bhaineann leis na busanna astaíochtaí nialasacha seo, leibhéal torainn níos ísle agus cosúlachtaí le busanna díosail i dtéarmaí sábháilteachta, feidhmíochta agus inrochtaineachta.

Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí (BOS) – Baineadh úsáid as an BOS chun glacadh bithbhreosla a spreagadh chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair a mhéadú agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. In 2020, ríomh an Roinn Iompair gur cuireadh 239 milliún lítear de bhithbhreoslaí in ionad c.209 milliún lítear de bhreoslaí iontaise agus a sheachain thart ar 520kt CO₂ eq astaíochtaí iompair.

Méadaíonn an **Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite** spriocanna d'úsáid bithbhreoslaí ar fud na hearnála iompair. Tá an Grúpa CIÉ ag obair chun roghanna fadtéarmacha a fhiosrú maidir le bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite méadaithe a chomhtháthú ar fud fhlíit an líonra. Cuireadh tús le triail chun bithdhíosal sa fhlíit iarnróid a chomhtháthú i mí na Nollag 2021 agus déanfar tástáil ar stóinseacht úsáid bithbhreoslaí san iarnród, ag soláthar roghanna le haghaidh comhtháthú ar fud sheirbhísí líonra an Ghrúpa.

4.2.4 Straitéis Fianaisebhunaithe

Tá Grúpa CIÉ ag obair chun a ról a imirt i gcóras iompair agus fuinnimh ísealcharbóin a mhúnlú. Beidh flít iompair poiblí astaíochtaí nialasacha ag brath go mór ar chóras fuinnimh athléimneach, slán, íseal-astaíochtaí. Tá sé ríthábhachtach córas iompair agus fuinnimh comhtháite, pleanáilte a fhorbairt chun an dá earnáil a dhícharbónú.

D'fhonn a chinntiú go dtacaíonn taighde fianaisebhunaithe le líonra iompair astaíochtaí nialasacha a sheachadadh, táimid ag obair le hInstitiúid Fuinnimh UCD ar chlár taighde trasearnála chun conair a fhorbairt chun iompar a dhícharbónú.

Tabharfaidh ár dtaighde aghaidh ar phríomhcheisteanna a bhaineann le haistriú go todhchaí fuinnimh neodracht carbóin faoi 2050 agus na hidirspéachais idir iompar agus fuinneamh. Le seirbhís iompair atá ag leathnú go 2040, déanfaimid iniúchadh ar spreagadh le haghaidh aistriú módúil ar scála mór agus áitiúil trí léargas ar athrú iompraíochta.

4.2.5 Hidrigin

Cuireann hidrigin réitigh fhéideartha ar fáil do chuspóirí dícharbónaithe agus aithníodh í i Straitéis Hidrigin an **AE d'Eoraip atá Neodrach** ó thaobh na hAeráide de. Tá Grúpa CIÉ ag obair le príomhchomhlachtaí taighde chun tuiscint a fháil ar an bhféidearthacht a bhaineann le hidrigin san earnáil iompair agus ar chonair chun geilleagar hidrigine a fhorbairt. Meastar go bhfuil an t-iompar ina bhealach chun margaidh le haghaidh teicneolaíocht ísealcharbóin nua, a bhfuil ról aici i dtáirgeadh margaidh a spreagadh.

Táimid rannpháirteach i gclár **HyLIGHT** de chuid DCU atá i gceannas ar thaighde ar aistriú glás hidrigine na hÉireann. Is é aidhm HyLIGHT ná cur i bhfeidhm costéifeachtach, inbhuanaithe, ar mhórsála teicneolaíochtaí hidrigine in Éirinn a threorú. Is comhoibriú é an clár idir príomhchuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ollscoileanna agus páirtithe leasmhara, ag obair chun seachadadh hidrigine chuig gach earnáil fuinnimh a éascú – teas, iompar agus leictreachas.

Is roinnt tionscadal idir-réigiúnach Eorpach, lena n-áirítear **SeaFuel**, arb iad na chéad ghrúpaí le húsáid a bhaint as nuálaíocht sa hidrigin san iompar. D'éirigh Grúpa CIÉ Group ina chomhpháirtí comhlach ar thionscadal hidrigine SeaFuel chun foghlaim agus breathnú ó thionscadal atá ag dul chun cinn go maith maidir le húsáid iompair hidrigine. Is tionscadal taighde atá maoinithe ag an AE é SeaFuel a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní in-athnuaite a úsáid ar fud Limistéar an Atlantaigh chun flít iompair áitiúil a chumhachtú agus tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin.

Táimid tiomanta dár n-acmhainní a úsáid chun nuálaíocht margaidh sa teicneolaíocht ghlan a éascú. Táimid ag obair le cuibhreas comhpháirtithe chun imscrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht an chéad mhol iompair hidrigine in Éirinn a chur i bhfeidhm i nGaillimh. Is comhpháirtíocht é G2H2 idir OÉ Gaillimh; Aer Arann Islands; Aran Island Ferries; Grúpa CIÉ; Calafort na Gaillimhe Lasta na Mara; agus SSE Airtricity. Tá an chomhpháirtíocht ag fiosrú úsáid leictreachais in-athnuaite iomarcach chun hidrigin ghlas a tháirgeadh le húsáid mar bhreosla iompair saor ó charbóin in do bhusanna, longa agus eitleáin i nGaillimh.



Bus Éireann



Tá forbairt phleanáilte ar mhol gaoithe amach ón gcósta á stiúradh ag [Calafort Ros Láir](#) i gcomhpháirtíocht leis an gcuideachta de chuid na hÍsiltíre; XELLZ. Tá sé beartaithe leis seo bonn soláthair gaoithe amach ón gcósta a bhunú in aice le Calafort Ros Láir, agus beidh an Calafort ina mhol chun tuirbíní agus comhpháirteanna eile a sheachadadh d'fhorbairtí feirmeacha gaoithe i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach.

4.2.6 Forbairt Dírithe ar Iompar

I mí na Samhna 2021, sheol CIÉ Group [Máistirphlean uailmhianach Stáisiún Heuston](#). Mar gheall ar an bhforbairt atá beartaithe seo ar láithreán athfhorbraíochta, den mhórchuid, déanfar ceann scríbe di do bheith beo ann, d'oibriú, aclaíocht a dhéanamh agus do shóisialú. Cuirfidh an suíomh 10 heicteár saoráidí tráchtála, cónaithe agus fóillíochta measctha ar fáil a d'fhéadfadh breis is 1,000 aonad cónaithe nua, rochtain ar chiliméadar amháin de spás ar imeall na habhann, agus bonneagar nua iompair do choisithe agus do choisithe gníomhacha a bheith mar thoradh air.

Cruthóidh an fhorbairt spás poiblí uirbeach d'ardchaighdeán agus tacóidh sí le dlúthfhás uirbeach, soláthróidh sí rochtain ar mhodhanna iompair inbhuanaithe agus laghdóidh sí an spleáchas ar an gcarr príobháideach. Beidh an Máistirphlean atá beartaithe ag teacht le leathnú pleanáilte ar bhonneagar iompair phoiblí, lena n-áirítear tionscadail DART+ agus BusConnects, ag seachadadh iompair inrochtana agus áisiúil ar fud Bhaile Átha Cliath.

Tá comhairleoireacht maidir le pleananna le haghaidh tailte ag [Stáisiún Cholbaird](#), [Luimneach](#) beagnach críochnaithe. D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún an staidéar seo, i gcomhar le Grúpa CIÉ, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS). Tá úinéireacht shuntasach talún ag na Comhlachtaí seo sa cheantar máguaird Stáisiún Cholbaird agus cuirfidh an Creat-Staidéar cairt ar fáil d'fhorbairt amach anseo.

4.2.7 Bonneagar Rothaíochta Glasbhealaigh


Leanann CIÉ Group agus Iarnród Éireann ag tacú le forbairt conairí Glasbhealaigh nua ar línte iarnróid dúnta agus tréigthe, de réir na [Straitéis maidir le Féarbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha a Fhorbairt Amach Anseo, 2018](#).

Bhí baint ag CIÉ Group le forbairt na nGlasbhealaí ó Phort Láirge go Dún Garbhán; i gCiarraí Thuaidh agus ón Muileann gCearr go Baile Átha Luain. Tá sé i gceist againn chomh maith forbairtí a éascú ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin, ó Mhainistir na Corann go hEochaill agus ón Uaimh go dtí Cúirt an Rí, chomh maith le tacú le haon fhorbairtí amach anseo.

Tá soláthar iarnróid as úsáid agus maoin Ghrúpa CIÉ mar bhonn agus taca ag ár dtiomantas chun ár sócmhainní agus ár scála a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i dturasóireacht inbhuanaithe agus i gcaipiteal nádúrtha ar fud na tíre.



Línte Iarnróid Dúnta agus Tréigthe in Úinéireacht Ghrúpa CIÉ/Iarnród Éireann



Línte Dúnta: Seirbhísí foirceanta, tá sé fós ina réadmhaoín oibríochta. Gan aon díúscairt a dhéanamh gan Ordú Tréigin (líne reatha) nó gan Dearbhú mar bharrachas (Maoín choimhdeach).
Línte Tréigthe: Is féidir leo a bheith díolta de réir na reachtalochta, ceant, úinéirí cóngaracha, Údarás Áitiúla.
FANANN GACH OIBLEAGÁID REACTÚIL. m.sh. cothabháil fáta, draenacha, droichid agus struchtúr srl.

4.2.8 Geilleagar Ciorclach

Mar thaca le **Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach** agus leis an **bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Dhramhaíl don Gheilleagar Ciorclach**, tá straitéis um geilleagar giorclach (CE) á cur i ngníomh ag Grúpa CIÉ. In 2020, tháinig tús le plean ciorclach i bhfeidhm trí iniúchadh cuimsitheach dramhaíola a dhéanamh don Ghrúpa. Shonraigh an t-iniúchadh catagóirí, suímh agus foinsí móra dramhaíola ag soláthar bonn do plean cuimsitheach gníomhaíochta CE. Rachaidh an straitéis i ngleic le bainistíocht acmhainní ar fud ár slabhra luacha, lena n-áirítear bainistíú ionchuir ábhair, dramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach; dramhaíl bia; uisce; agus fuinneamh. Oibreoidimid i gcomhpháirtíocht leis an EPA, ag cur treo ó **Chlár Náisiúnta Seachanta Dramhaíola an EPA, treoir maidir le Geilleagar Ciorclach an EPA** agus an **dréacht-Bhille um Gheilleagar Ciorclach 2021** san áireamh.

Tá an Grúpa tiomanta do laghdú 25% a bhaint amach ar dhramhaíl a tháirgtear ar fud an Ghrúpa agus do ráta athchúrsála an Ghrúpa de 75% faoi 2025. Áireofar leis seo cosc ar úsáid Phlaistigh Aonúsáide, a ghlac Grúpa cuideachtaí CIE leis ag tosú ó 2019. Tá sé beartaithe againn feachtas poiblí a sheoladh d'fheasacht ar dhramhaíl do chomaitéirí iarnróid nuair a thagann gnáthphatrúin chomaitéireachta chun cinn.



Cuideoidh na straitéisí geilleagair chiorclaigh leis na spriocanna dramhaíola seo a bhaint amach, chomh maith le straitéis um athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm agus soláthar poiblí glas (GPP) a fhorfheidhmiú ar fud an Ghrúpa. Tá CIÉ Group tar éis dul i gcomhpháirtíocht le **Global Action Plan (GAP)** chun clár dramhbhia 'FoodTalks' a sholáthar thar líon áirithe suímh do gach cuideachta oibriúcháin. Tá clár FoodTalks dírithe ar chabhúr le rannpháirtithe a bheith níos ullmhaithe cinntí níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a dhéanamh maidir leis an mbia a gceannaíonn siad agus a n-itheann siad.

Figiúr athchúrsáilte/aisghafa dramhaíola Grúpa CIÉ suas go dtí Meitheamh 2021			
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Dramhaíl athchúrsáilte/aisghafa	8.7%	60%	46%

Athchúrsáil dramhaíola grúpa CIE agus rátaí a aisghabháil i gcoinne sprioc an ghrúpa ar fad



Sprioc Athchúrsála 70%

4.2.9 Soláthar Poiblí Glas

Tá Grúpa CIE ar cheann de na ceannaitheoirí is mó sa stát agus tá sé tiomanta do chleachtais GPP a ghlacadh ar fud an Ghrúpa.

In 2021 thug Bord CIE a bheartas soláthair nuashonruithe de réir Threoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais, [Treoir don Earnáil Phoiblí](#) chun cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a chomhtháthú i nósanna imeachta soláthair, ag baint amach cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus luach ar airgead.

Bhí Grúpa CIE i mbun cainteanna leis an OGP maidir le cur i bhfeidhm Threoirlínte OGP ar GPP, toisc go bhfuil suim acu athbheithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais ar fud an ghnó agus an tionscail agus é a rianú.

Le 18 mí anuas, chuir CIÉ Group, faoi stiúir Iarnród Éireann, trialacha i bhfeidhm chun glacadh le prionsabail GPP do chonarthaí soláthair atá ann cheana féin chun dul i ngleic le Pláistigh Aonúsáide. Thosaigh Iarnród Éireann a chleachtais GPP trí dhul i dteagmháil le díoltóirí chun fiosrú a dhéanamh ar roghanna eile seachas pláistigh, le torthaí dearfacha le táirgí glantacháin agus ticéid pháipéir.


In aon áit amháin in Iarnród Éireann, d'aistrigh an fhoireann go táirgí glantacháin sacht. Laghdaigh sé seo úsáid phlaisteach faoi 91% agus laghdaigh sé stóráil cheimiceach faoi 93%.

D'aistrigh Iarnród Éireann ó thicéid lannáin plaisteacha go ticéid pháipéir freisin. Shábháil sé seo 420kg plaisteach go bliantúil agus laghdaigh sé costas na ticéid a chruthú faoi 54%.

Le hathchóiriú a rinneadh le déanaí ar Cheathrú Cheann Stáisiúin Uí Chonghaile, tugadh deis dó prionsabail an tsoláthair ghlais a chur i bhfeidhm ar an tionscadal a bhain le hathchóiriú agus le héifeachtúlacht fuinnimh níos fearr san fhoirgneamh. D'úsáid Iarnród Éireann measúnú ciorclaíochta do gach ábhar agus ionchur. Tá an troscán oifige go léir a úsáidtear, lena n-áirítear deasca agus comhphárteanna boinn, in-athchúrsáilte, ag cinntiú fealsúnacht ó *"chliabhán go cróchar"*.

Léirigh na torthaí go bhfuil aeistéitic inchomparáide le táirgí roimhe seo agus go bhfuil monatóireacht á déanamh ar mharthanacht. Tabhaíodh costais níos airde i gcomparáid le táirgí traidisiúnta, neamh-athchúrsáilte, ach cúitíodh iad seo den chuid is mó i gcomparáid le costas líonta talún sa todhchaí.

Sna trialacha a bhain le prionsabail an tsoláthair ghlais a chur i bhfeidhm, léiríodh toilteanas na ngníomhaithe margaidh réitigh inbhuanaithe a thairiscint, ar minic iad ag baint tairbhe as tairbhí airgeadais, comhshaoil agus feidhmíochta.



4.2.10 Tuairisciú Inbhuanaitheachta

Tionscadal Nochta Carbóin – Chuir CIÉ Group ár gcéad tuarascáil maidir le hastaíochtaí carbóin faoi bhráid an CDP in 2020 agus bronnadh rátáil 'B' orthu. Tarraingíodh aird ar Ghrúpa CIÉ mar fhreagróir céaduaire is fearr, rud a sháraigh norm an tionscail d'fhreagróir céaduaire. Bhí cur chuige an Ghrúpa i leith ár spriocanna aeráide a bhaint amach le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil Lónra CDP Ireland 2020.

Cuireadh an dara tuarascáil bhliantúil ar astaíochtaí carbóin isteach in 2021, agus fuair an Grúpa rátáil 'B' ag deireadh na bliana.

Freagairt CD P do 2020 agus 2021

Ainm	Freagra	Bliain	Stádas	Scór
Grúpa Chóras Iompair Éireann (CIÉ Group)	Athrú Aeráide 2021	2021	Seolta	B
Grúpa Chóras Iompair Éireann (CIÉ)	Athrú Aeráide 2021	2020	Seolta	B


Foinse: CDP.

Ó thosaíomar ag tuairisciú tríd an CDP go luath in 2020, d'oibrigh an Grúpa CIÉ chun struchtúir rialachais agus maoirseacht Bhoird agus Feidhmiúcháin ar rioscaí agus deiseanna carbóin agus fuinnimh a bhainistiú agus aeráide a fheabhsú. Aithníodh an dul chun cinn seo i scóráil rialachais agus maoirseachta riosca i bhfreagra 2020.

Thug an fhreagairt CDP ón aighneacht 2021 breac-chuntas ar réimsí inar féidir le Grúpa CIÉ oibriú chun ár straitéis inbhuanaitheachta a ailíniú agus tuairisciú níos dlúithe a dhéanamh ar chritéir CDP. Mhol an freagra go ndíreodh Grúpa CIÉ ar na réimsí seo a leanas:

- Beartú spriocanna
- Nochtadh riosca aeráide
- Astaíochtaí raon feidhme 3
- Rannpháirteachas sa slabhra luacha
- Straitéis ghnó agus planáil airgeadais

Scóir Chatagóirí



In 2021, rinne Grúpa CIÉ dul chun cinn i roinnt réimsí a luaitear sna moltaí CDP. Tá spriocanna astaíochtaí CO₂ an CAP i gcomhréir leis an gcomhdhearcahd eolaíoch is déanaí maidir le téamh domhanda a theorannú go 1.5 céim. Ghlac Grúpa CIÉ leis na spriocanna sin agus oibroidh sé chun ár n-astaíochtaí a laghdú de réir CAP.

Ina theannta sin, leathnaigh Grúpa CIÉ ár struchtúir rialachais a bhaineann le hinbhuanaitheacht chun a chinntiú go ndéanfar maoirseacht ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta ag gach leibhéal (féach cuid 4.1 chun tuilleadh sonraí a fháil). In 2022, oibreoimid chun moltaí an CDP a ionchorprú inár straitéis inbhuanaitheachta agus leanfaimid ag iarraidh dea-chleachtas a bhaint amach inár dtuairisciú astaíochtaí.

Tascfhórsa um Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid – thacaigh Grúpa CIÉ leis an TCFD in 2021 agus táimid ag glacadh le moltaí TCFD inár gcaighdeáin tuairiscithe in 2022. Ghlac níos mó ná 30 gnólacht atá lonnaithe in Éirinn leis an gcreat TCFD anois, lena n-áirítear ESB, Coillte agus Bord na Móna, in éineacht le roinnt gnólachtaí san earnáil seirbhíse airgeadais.

Tacaíonn oiliúint Skillnet de chuid Sustainable Finance Ireland le glacadh le moltaí an TCFD agus tá Grúpa CIÉ ag baint tairbhe as an oiliúint theicniúil agus an saineolas teicniúil atá á gcur ar fáil.



Dúirt Lorcan O'Connor, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa: "Mar an soláthraí iompair is mó in Éirinn, tá ról ríthábhachtach ag Grúpa CIÉ maidir le hastaíochtaí a laghdú san earnáil iompair. Léiríonn ár dtacaíocht don TCFD ár dtiomantas chun páirt a ghlacadh i ngeilleagar ísealcharbóin a thabhairt i gcrích agus tá sé ag teacht lenár straitéis chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán aeráide. Táimid bródúil as tacú le comharghnó TCFD na hÉireann agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le Sustainable Finance Ireland i rith chéim a dó den fheachtas TCFD."

NewERA – Tá NewERA tar éis Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide a dhearadh do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, rud a léiríonn an ról eiseamláireach atá acu maidir le dícharbónú. Tá SEAI agus an EPA ag comhoibriú chun treoir a fhoilsiú chun Pleananna Oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. Tríd an uirlis SEAI 'Gap to Target' tool a úsáid, beidh eagraíochtaí in ann tuiscint a fháil ar na céimeanna agus ar na hinfheistíochtaí a theastaíonn chun a spriocanna a bhaint amach. Tá dea-chleachtais agus treoirlínte do na caighdeáin tuairiscithe á n-athbheithniú ag Grúpa CIÉ seo agus tá siad ag ullmhú chun tús a chur le tuairisciú ar na riachtanais tuairiscithe rialála seo in 2022.

4.2.11 Comhpháirtíochtaí



I mbliana, d'fhorbair CIÉ Group comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí a bhfuil comhspricanna inbhuanaitheachta acu agus atá ríthábhachtach maidir le deis a thabhairt do thionchar.

Tacú le SDG 17: Comhpháirtíochtaí, táimid ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe ar réimse dúshlán inbhuanaitheachta, acmhainní a chomhthiomsú, saineolas, agus sócmhainní straitéiseacha, d'fhonn seachadadh a dhéanamh ar scála. In 2022 beidh Grúpa CIÉ rannpháirteach arís in athbheithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar dhul chun cinn aeráide náisiúnta.

Tá an t-athbheithniú, dar teideal *An Lionsa Folláine a chuirtear i bhfeidhm ar Earnáil Iompair na hÉireann*, deartha chun tacú le rialtais a bheith ag machnamh go nuálach ar a ngníomhartha aeráide agus an t-athrú bunathraithe a theastaíonn chun spriocanna aeráide idirnáisiúnta a bhaint amach a sheachadadh agus torthaí folláine níos leithne a fheabhsú ag an am céanna.



4.2.11.1 Uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh FI de chuid UNEP

In 2021, chuaigh Grúpa CIÉ i gcomhpháirtíocht le Tionscnamh Airgeadais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP FI) mar chuid dá nGrúpa Oibre páirtithe leasmhara chun an próiseas anailíse corparáide a fhorbairt.



I mbliana, d'fhoilsigh UNEP FI an **Uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh**, atá ceaptha chun cabhrú le cuideachtaí measúnú a dhéanamh ar a dtionchair ar fud earnálacha agus tíortha éagsúla, spriocanna tionchair a leagan amach agus a bhaint amach, agus a rannchuidiú ábhartha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a aithint.

Tá an Uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh sa chéad leagan, mar sin bhunaigh UNEP FI Grúpa Oibre ina raibh corparáidí móra idirnáisiúnta chun aiseolas a bhailiú ar an uirlis agus tacú le rannpháirtithe an uirlis a chomhlánú agus na torthaí a léirmhíniú.

Ghlac CIÉ Group, an t-aon eagraíocht Éireannach sa Ghrúpa Oibre, páirt in éineacht le corparáidí ar nós Repsol, cuideachta fuinnimh Spáinneach, agus Ravensdowne, soláthraí agraiceimiceach atá lonnaithe sa Nua-Shéalainn.

Rinne an Grúpa Oibre roinnt cruinnithe in 2021, inar phléigh rannpháirtithe saincheisteanna maidir leis na SDGanna a ionchorprú i dtuairisciú agus i gcur chuige éagsúil maidir le cur chun feidhme. Spreagadh rannpháirtithe freisin chun glacadh leis an Uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh agus é seo a chur i bhfeidhm ina gcuid ranníocaíochtaí ábhartha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a aithint. Baileoidh UNEP FI aiseolas ar mhodheolaíocht na n-uirlisí agus ionchorpróidh sé é seo san atriall nua den Uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh in 2022. Tá CIÉ Group tar éis dul isteach i nGrúpa Fondúireachta Tuairiscithe Luachanna ar fud an domhain chun modhanna agus torthaí na huirlise UNEPFI a rianú, a anailísiú agus a phlé agus chun ár ndul chun cinn i gcoinne na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a fheiceáil agus a phlé.

Measann an uirlis Anailíse Tionchair Chorporáidigh réimsí tionchair suntasacha na heagraíochta bunaithe ar a n-earnálacha de ghníomhaíochta agus tíortha ina n-oibríonn siad. Aithníonn an uirlis 22 réimse tionchair comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch (SDG-ailínithe) ar féidir leo idirghníomhú le gníomhaíochtaí eagraíochta. Thug úsáid tosaigh na huirlise ag Grúpa CIÉ liosta de na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhaineann go ginearálta leis na hearnálacha iompair bus agus iarnróid paisinéirí ar fud na 22 limistéar tionchair.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go n-aithnítear comhlachais tionchair earnaála ó threochtaí domhanda agus is féidir nach léiríonn siad tionchair oibríochtaí Ghrúpa CIÉ go hiomlán.

De réir uirlis UNEP FI, tuigtear de ghnáth go mbíonn tionchair shuntasacha ag iompar paisinéirí bus agus iarnród ar shoghluaisteacht, ar chóineasú eacnamaíoch, agus ar gheilleagar sláintiúil, chomh maith le tionchair dhiúltacha ar an aeráid (mar gheall ar astaíochtaí CO₂), ar cháilíocht aeir agus ar dhramhaíl. Tá sé tábhachtach a mheas, cé go n-astaíonn na hearnálacha bus agus iarnróid CO₂ ó dhóichán breosla díosail, gur rogha taistil déine-carbóin i bhfad níos lú é an t-iompar poiblí i gcomparáid leis an gcarr príobháideach. Soláthraítear na meánastaíochtaí CO₂ ó mheánroghanna iompair Ghrúpa CIÉ thíos, ach tá figiúirí Bhus Éireann agus Bhus Átha Cliath ann le haghaidh a bhflít díosail agus ísleoidh siad de réir mar a aistrímid chuig roghanna hibrídeacha agus leictreacha.

Comparáid idir Astaíochtaí Carbóin roghanna iompair an Ghrúpa CIÉ agus gluasteáin phríobháideacha



Cuimsíonn rannán ar leith den uirlis UNEP FI measúnú ar riachtanais tíre do na tíortha ina bhfeidhmíonn an eagraíocht. Déantar é seo chun riachtanais shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha na dtíortha ina bhfuil tionchar ag an eagraíocht a aithint. Léirigh an measúnú riachtanais d'Éirinn gur riachtanas tábhachtach é an dramhaíl a laghdú ós rud é go bhfuil Éire ina príomhtháirgeoir dramhaíola ar bhonn per capita agus go dtáirgeann sí an **dramhaíl pacáistithe is mó per capita** san AE.

Is féidir leis an aiseolas ón uirlis cabhrú le forbairt straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a mhúnlú trí na réimsí tosaíochta ina bhfuil an tionchar is mó ag Grúpa CIÉ maidir le hathrú substaintiúil a chruthú agus trí aird a tharraingt ar na réimsí inar cheart do Ghrúpa CIÉ meadarachtaí a bhailiú orthu.

Tugann na torthaí tosaigh seo le fios go bhfuil sé de chumas ag Grúpa CIÉ an tionchar is mó a imirt trí tháirgeadh dramhaíola a laghdú, trí thionchair dhiúltacha ar cháilíocht aeir agus aeráide a íoslaghdú, agus trína rannchuidiú dearfach leis an ngeilleagar agus le soghluaisteacht a uasmhéadú. De réir mar a léiríonn torthaí na huirlise treochtaí domhanda, tá sé tábhachtach a mheas cé acu de mholtaí na huirlise is cruinne a léiríonn ár n-oibríochtaí.

Nuair a bheidh torthaí tosaigh na huirlise críochnaithe, d'fhéadfá Grúpa CIÉ na moltaí a ionchorprú i bpleanáil straitéise inbhuanaitheachta amach anseo. Beidh CIÉ Group i dteagmháil freisin leis an UNEP FI agus le baill an Ghrúpa Oibre chun aiseolas agus moltaí a thabhairt maidir le feidhmiúlacht agus torthaí na huirlise.

4.2.12 Inrochtaineacht Feithicle

Is tosaíocht do Ghrúpa CIÉ agus an NTA é a chinntiú go bhfuil seirbhísí agus an timpeallacht oibre inrochtana go hiomlán. Rinneadh dul chun cinn chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí iompair phoiblí inrochtana, éasca le húsáid agus sábháilte dóibh siúd atá faoi mhíchumas.

Tá obair déanta ag cuideachtaí Ghrúpa CIÉ chun inrochtaineacht iomlán ar sheirbhísí bus agus iarnróid agus ar chóiríocht a chur ar fáil.

Inrochtaineacht Feithicle ag Meitheamh 2021			
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Céatadán Inrochtaineachta	100%	100%	100%

4.2.13 Sóisialta – Éagsúlacht agus Cuimsiú


Oibríonn Grúpa CIÉ chun éagsúlacht a chothú sa lucht saothair agus chun tús áite a thabhairt do rochtain chomhionann ar sheirbhísí dár mbonn custaiméirí. Laistigh dár bhfórsa oibre de níos mó ná 10,500 fostaí, déanaimid iarracht a chinntiú go bhfuil coinníollacha cuimsitheacha ann a tháirgeann cultúr táirgiúil, oscailte agus éifeachtach, agus go léiríonn ár bhfoireann éagsúil ár ndaonra agus ár mbonn custaiméirí.

Tá cothrom na féinne bainte amach ag Grúpa CIÉ maidir le cothromaíocht inscne ar fud Bhoird gach cuideachta oibriúcháin, agus 44% de chomhaltaí boird ban ag Bus Átha Cliath, 57% ag Iarnród Éireann agus 29% ag Bus Éireann.

In 2020, cuireadh tús le clár earcaíochta do thiománaithe bean i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann, agus tá sé mar aidhm ag Bus Átha Cliath líon na dtiománaithe ban a dhúbailt sna blianta amach romhainn, agus tá sé mar sprioc ag Bus Éireann méadú 50% ar thiománaithe ban agus méadú ar líon na maoirseoirí ban. Is mór an earcaitheoir é Iarnród Éireann do chéimithe Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM). Lena chois sin tá sé ag tabhairt faoi chéimithe ban a earcú go gníomhach.

Comhionannas Inscne ag Meitheamh 2021				
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann	Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann
Fostaithe Baineann	10%	7.5%	11%	48%
Mná i Róil Bainistíochta Sinsearach	45%	22%	20%	30%
Baill Boird Ban	29%	44%	57%	36%

Staitisticí Cothroime Inscne Grúpa CIÉ ag Meitheamh 2021



4.2.14 Sláinte agus Folláine Fostaithe

Tugann Grúpa CIÉ tús áite do shláinte agus d'fholláine a chuid fostaithe. In 2020, chuaigh Oifigeach Cur Chun Cinn Sláinte Ghrúpa CIÉ agus an Príomhoifigeach Leighis i gcompháirtíocht le Roinn Diaibéiteas agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun staidéar a dhéanamh ar thiománaithe bus agus ar a riosca do Dhiaibéiteas Chineál 2.



Bunaithe ar thorthaí an staidéir, d'fhorbair Grúpa CIÉ togra le haghaidh tionscnamh píolótach folláine tras-chuideachta a bheidh le tabhairt i gcrích in 2022. Cuirfidh an tionscnamh tacaíocht cóitseála sláinte agus oideachais ar líne ar fáil do rannpháirtithe thar thréimhse sé mhí. Tar éis na dtorthaí agus an aiseolais ón gclár píolótach tosaigh, cuirfear an tionscnamh sláinte ar fáil do bhaill foirne breise ar fud Ghrúpa CIÉ.

Tá Grúpa CIÉ ag tabhairt faoi chreidiúnú sa chlár 'KeepWell Mark' a d'fhorbair Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC). Is creat é an KeepWell Mark a sholáthraíonn sraith caighdeán do ghnólachtaí maidir le príomhréimsí folláine san ionad oibre, lena n-áirítear ceannaireacht, bainistíocht meabhairshláinte agus neamhláithreachta, gníomhaíocht choirp, agus bia sláintiúil.

Amhail 2021, bhain Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus Bus Átha Cliath creidiúnú amach, tá Bus Éireann tar éis iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú, agus tá Iarnród Éireann ag déanamh taighde ar chomhlachtaí creidiúnaithe eile le haghaidh sláinte agus folláine fostaithe.

4.2.15 Cearta an Duine agus Dícheall Cuí Comhshaoil

Tá an tAontas Eorpach ag tabhairt aghaidh ar mhaoirseacht shóisialta agus chomhshaoil, le forbairt rialacha maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair, i ndáil le saincheisteanna comhshaoil agus cearta an duine.

Go dtí seo, rinneadh caighdeáin díchill chuí ar bhonn féinrialála, le tionscnaimh idirnáisiúnta, amhail [Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe ar Ghnó agus ar Chearta an Duine](#) a chuireann iompar gnó freagrach chun cinn agus cosc ar shárúithe gnólachtaí ar chearta an duine. San Aontas Eorpach, beidh athrú le teacht an gcóras deonach seo, mar a chonacthas ar an 10 Márta 2021, nuair a rith Parlaimint na hEorpa [rún](#) ina raibh moltaí don Choimisiún faoi dhícheall cuí corparáideach agus faoi chuntasacht chorparáideach.

Tá Grúpa CIÉ tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chuntasacht chorparáideach agus do dhícheall cuí sa slabhra soláthair agus scrúdóidh sé ról agus freagrachtaí an Ghrúpa, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar iompar gnó an tsabhra soláthair, ar aon dul le reachtaíocht agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta a fhorbairt.




5 Athbheithniú ar Straitéis Inbhuanaitheachta

Tá sé mar aidhm ag an athbheithniú seo ar an straitéis inbhuanaitheachta aird a tharraingt ar an obair a cuireadh i gcrích ar fud an ghrúpa maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta agus í a chur ar taispeáint, suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. Dearadh an tAthbheithniú Bliantúil seo ar straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ chun moltaí an struchtúir mholta TCFD a ghlacadh san áireamh. Déantar athbheithniú ar an straitéis faoi na ceannteidil seo a leanas: Rialachas; straitéis; bainistíocht riosca; agus meadaracht, de réir threoirlínte TCFD.

5.1 Rialachas

Tá maoirseacht ar leibhéal an Bhoird ag Grúpa CIÉ ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid laistigh den eagraíocht. Tá an struchtúr rialachais deartha chun fócas straitéiseach a threorú agus a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht leabaithe i ngach feidhm den eagraíocht chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.


Inbhuanaitheacht leabaithe i struchtúr roinne Ghrúpa CIÉ



5.1.1 Struchtúr Rialachais

I rith 2021, thug Grúpa CIÉ athruithe isteach ar a struchtúr rialachais chun a chinntiú go mbaineann saincheisteanna inbhuanaitheachta leas as maoirseacht agus urraíocht ag gach leibhéal. Bhunaigh Bord CIÉ fochoiste an Ghrúpa Chomhairligh um Inbhuanaitheacht (SAG) i mí an Mheithimh 2021. Tuairiscíonn an Grúpa Stiúrtha um Inbhuanaitheacht (SSG), grúpa oibre tras-chuideachta, atá freagrach as maoirseacht agus tuairisciú ar an straitéis inbhuanaitheachta, don SAG agus do Bhord Feidhmiúcháin CIÉ.

Struchtúr Rialachais Inbhuanaitheachta Sinsearach an Ghrúpa CIÉ



Tá Cathaoirleach Bhord CIÉ ina bhall agus ina Chathaoirleach ar SAG, rud a chinntíonn maoirseacht ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta agus gníomhú ar son na haeráide ag an leibhéal is airde.

Tagann an SAG le chéile ar bhonn ráithiúil agus tá sé freagrach as moltaí a dhéanamh do Bhord CIÉ maidir leis an straitéis inbhuanaitheachta cuí don Ghrúpa, agus as a chinntiú go bhfuil straitéisí inbhuanaitheachta ar fud na gcuideachtaí oibriúcháin ar aon dul le Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ.

Tuairiscíonn an SAG faoi nuashonruithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an straitéis inbhuanaitheachta, lena n-áirítear impleachtaí beartais rialála, tuairisciú agus nochtadh a bhaineann leis an aeráid, nuashonruithe príomhtháscaire feidhmíochta (KPI) agus buiséid tionscadail inbhuanaitheachta.

Tá ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh um Inbhuanaitheacht mar seo a leanas:

- Cathaoirleach CIÉ
- Saineolaí tionscail seachtrach
- Stiúrthóir na nOibrithe
- Príomhfheidhmeannach CIÉ
- Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta CIÉ
- Bus Éireann, Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta
- Bus Éireann, Stiúrthóir
- Iarnród Éireann, Stiúrthóir, Bainisteoir Bonneagair
- Bus Átha Cliath, Ceannasaí Comhshaoil, Sláinte & Sábháilteachta

Faigheann an Coimisiún tuarascálacha freisin ó Ghrúpa CIÉ SSG. Bunaíodh an SSG chun tuairisciú ar agus moltaí a dhéanamh do Bhord Feidhmiúcháin CIÉ faoi Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus iad siúd de gach cuideachta oibriúcháin.

Cuimsíonn sé ionadaithe ar fud gach ceann de chuideachtaí Ghrúpa CIÉ atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na straitéise comhordaithe inbhuanaitheachta. Tagann an SSG le chéile gach mí, agus tuairiscíonn na baill ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear forbairt straitéise, creataí comhlíontachta agus tuairiscithe, ceanglais chumarsáide agus oiliúna, bainistiú riosca, agus socrú buiséid.

Áirítear leis an SSG ionadaí ó gach ceann de na feidhmeanna atá liostaithe thíos:

- Ceannasaí Inbhuanaitheachta laistigh de gach cuideachta oibriúcháin
- Bainisteoirí sinsearach atá freagrach as straitéis inbhuanaitheachta
- Oifigeach/bainisteoir comhshaoil
- Oifigeach/bainisteoir fuinnimh
- Sláinte agus Folláine
- Cumarsáid
- Airgeadas
- Dlíthiúil
- Maoin
- Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa CIÉ as saincheisteanna agus inbhuanaitheacht a bhaineann leis an aeráid. Comhoibríonn POF an Ghrúpa CIÉ go dlúth le Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta an Ghrúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht an Ghrúpa sa réimse seo agus bhí maoirseacht agus síniú aige ar fhorbairt na straitéise inbhuanaitheachta.

Tuairiscíonn POF an Ghrúpa dár bpríomhscairshealbhóir, an tAire Iompair ar Fheidhmíocht a bhaineann leis an Aeráid, ar bhonn ráithiúil.

Déanann cuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ maoirseacht ar fhorbairt a straitéisí inbhuanaitheachta sonracha agus tá siad freagrach as na tionscadail inbhuanaitheachta a thagann faoin réimse seo a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh Bus Éireann, Bus Átha Cliath, agus Iarnród Éireann araon straitéis inbhuanaitheachta a fheidhmítear agus a ndéanann a bhfoirne inbhuanaitheachta aonair athbheithniú tréimhsiúil uirthi. Tá sé beartaithe ag CIÉ Tours a straitéis inbhuanaitheachta féin a fhorbairt in 2022.



Seoladh straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann "Driving Change" i mBealtaine 2021 agus tugtar breac-chuntas inti ar threochlár chun spriocanna a bhaineann leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht a bhaint amach faoi 2025 agus 2030.

Tá an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta le foilsiú i Ráithe 1 2022. Go himheánach ullmhaítear tuarascáil inbhuanaitheachta don Bhord ar bhonn ráithiúil agus tá foireann inbhuanaitheachta inmheánach ann le páirtithe leasmhara ó earnálacha fuinnimh, airgeadais, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, TF, innealtóireachta, scoileanna, oibríochtaí agus áiseanna i láthair.



Tá straitéis inbhuanaitheachta fhoirmiúil á forbairt faoi láthair ag Bus Átha Cliath, a dhéanfaidh ról rialachais inbhuanaitheachta a bhaineann le Bus Átha Cliath a leathnú agus a shoiléiriú a thuilleadh.

Is é fócas an tionscadail seo ná an réimse leathan próiseas oibre agus meicníochtaí tuairiscithe atá i mBus Átha Cliath i réimsí an rialachais comhshaoil, shóisialta agus chorparáidigh (ESG) a ghabháil, agus ag an am céanna riachtanais reachtaíochta, oibleagáidí rialála agus dea-chleachtas an tionscail atá ann cheana agus atá le teacht a bhreithniú. Tabharfar an straitéis chun críche agus seolfar í in 2022 tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha inmheánacha agus seachtracha.



Seoladh straitéis Inbhuanaitheachta Iarnród Éireann "Sustainability" in 2021. Leagtar amach ann treochlár chun iarnród níos inbhuanaithe a bhaint amach ar fud na dtí cholún: eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.


Ullmhaíodh an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta bhliantúil in 2020 ina ndearnadh doiciméadú ar an dul chun cinn i rith na bliana thar raon leathan PTFanna. Go himheánach, ullmhaítear tuarascáil inbhuanaitheachta don Bhord ar bhonn bliantúil agus réachtáiltear cruinnithe inmheánacha leanúnacha le foireann inbhuanaitheachta. San áireamh ar an bhfoireann seo tá páirtithe leasmhara ón bhfoireann chomhshaoil, bainisteoir fuinnimh, soláthar, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, acmhainní daonna, oifigeach sláinte agus folláine agus an fhoireann infheistíochtaí caipitil.

5.2 Straitéis

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ deartha chun teacht le prionsabail 17 SDG na Náisiún Aontaithe agus le Comhaontú Pháras chun ardú teochta domhanda a theorannú go 1.5 céim Celsius. Mar aon le reachtaíocht náisiúnta agus AE, soláthraíonn na beartais seo creat le cur i bhfeidhm ar ár straitéis, ár n-oibríochtaí, ár ndaoine agus ár líonra.

Tá na spriocanna agus na tionscnaimh a leagtar amach ar fud na dtí cholún inbhuanaitheachta rangaithe a thuilleadh faoi dheich réimse gníomhaíochta atá ailínithe le SDG. Tá mionsonraí ar an dul chun cinn a rinneadh i gcoinne na spriocanna seo ó 2020 go dtí Meitheamh 2021 i roinn 5.2.1.

Na Trí Cholún agus Deich Réimse Gníomhaíochta de chuid Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ



Cuireann straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ san áireamh go mbíonn tionchar difriúil ag ár n-oibríochtaí agus ár straitéis ghnó ar fud na SDGanna éagsúla.

<p>Aithníonn Grúpa CIÉ go bhfuil an cumas is mó ag ár n-oibríochtaí agus ár n-acmhainní tionchar díreach a dhéanamh agus luach a chur leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe seo.</p>	
<p>Aithníodh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe seo mar Spriocanna san áit ar féidir le Grúpa CIÉ, i gcomhar le heagraíochtaí agus earnálacha eile, rannchuidiú fiúntach a dhéanamh.</p>	
<p>Aithníonn Grúpa CIÉ go gcuireann raon feidhme ár n-oibríochtaí teorainn leis an méid is féidir linn dul i bhfeidhm go díreach ar na Spriocanna seo. Tacaíonn Grúpa CIÉ, áfach, le seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe go léir agus tá sé mar aidhm aige cur leis nuair a thagann an deis chun cinn.</p>	

5.2.1 Spriocanna agus Uaillmhianta Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ

Sonraítear sna táblaí thíos spriocanna agus mianta inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ ar fud na ndeich réimse gníomhaíochta, mar atá leagtha amach sa Straitéis Inbhuanaitheachta 2020. Tá gach réimse gníomhaíochta ailínithe le roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a bhfuil Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ bunaithe orthu.

Soláthraíonn an tAthbheithniú Bliantúil 2021 seo nuashonruithe agus na chéad chéimeanna eile do gach ceann de na spriocanna agus na huailmhianta seo ó gach ceann de na cuideachtaí oibriúcháin agus ón gCuideachta Shealbháíochta CIÉ.

BITHÉAGSÚLACHT

Fís: Bithéagsúlacht dhúchasach a fheabhsú ar thailte Ghrúpa CIÉ



Spriocanna chun an Bhithéagsúlacht a Chur Chun Cinn

- Gach bliain, cuirtear pleananna bithéagsúlachta/pailneoirí i bhfeidhm le haghaidh cúig stáisiún bus agus traenach ar a laghad ar fud líonra Ghrúpa CIÉ.
- Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a leagtar amach sna treoirínte i [mBainistíocht Bháúil ar Phailneoirí ar Chonairí Iompair](#) faoi 2025.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Tá pleananna pailneoirí ag breis is 30 stáisiún anois.
- Cuirfidh Iarnród Éireann clár Urraíochta Corparáideach Beacha i bhfeidhm in 2022, a chuirfidh coirceoga neamhghníomhacha i bpríomhshuímh stáisiúin agus a dhéanfaidh urraíocht ar choirceog ghníomhach ag beachlann.
- Tá infheistíocht bhithéagsúlachta beartaithe ag Bus Átha Cliath d'iosta busanna na Cloiche Leithne i Ráithe 1 2022, lena n-áireofar móinéar bláthanna fiáine agus beathaithe éan a chur. Tá boscaí neadaithe ghahlán gaoithe ag iosta an bhus ar an láthair chomh maith.
- Tá gairdín pobail pleanáilte ag Bus Éireann le béim ar bhithéagsúlacht in iosta na Cloiche Leithne, i gcomhar le Bailte Slachtmhara Bhaile Phib.

Beartais a Sheachadadh: Plean Pailneoirí Uile-Éireann

Spriocanna le haghaidh Coillearnacha Dúchasacha a Phlandú

- Tús a chur le 4.15 heicteár de choillearnach dhúchasach a chur ar thalamh Ghrúpa CIÉ i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Is ionann sin agus 25 tona carbóin a fhorghabhtar in aghaidh na bliana thar an gcéad bliain eile.
- Plandáil dhúchasach a chur i bhfeidhm agus a leathnú ar thailte Ghrúpa CIÉ nuair is cuí, faoi 2030.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Tá Grúpa CIÉ ag obair leis an DAFM agus an NPWS chun tailte Ghrúpa CIÉ a shainnint atá oiriúnach le haghaidh plandú dúchasach (a bhfuil sé mar sprioc acu 4.15 heicteár de choillearnach dhúchasach a chur).
- In 2021, cuireadh 14,000 crann i gCarraig na Sionainne ar thalamh Ghrúpa CIÉ in aice le Líne Bhaile Átha Cliath - Sligeach, agus sheol an tionscadal "Scéim um Chruthú Coillearnach ar Thailte Poiblí".
- Tugann Grúpa CIÉ rochtain do Cairde Éanlaith Éireann ar fud líne iarnróid Bhaile Átha Cliath - Port Láirge gach samhradh go dtí a "Little Tern Protection Scheme" ag Cill Chomhghaill, Co. Chill Mhantáin.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhachta ar son na hAeráide

ATHLÉIMNEACHT AERÁIDE

Fís: Córas iompair a sholáthar a bheidh athléimneach ó thaobh tionchair a bhaineann leis an aeráid



S

Priocanna do Mheasúnú Athléimneachta Aeráide

- Glacadh le huirlisí samhaltaithe riosca agus measúnaithe leochaileachta, chun measúnú a dhéanamh ar riosca na sócmhainní i gcoinne tionchair ó chreimeadh cósta agus ó thuile.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara, ranna rialtais agus údaráis áitiúla chun planáil a dhéanamh maidir le hoiriúnú do chreimeadh cósta agus do dhálaí aimsire a bhaineann leis an aeráid.
- Bearta maolaithe a sheachadadh i gcomhar le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcosnaítear bonneagar atá i mbaol agus caipiteal nádúrtha ó riosca a bhaineann leis an aeráid
- Plean Oiriúnaithe Aeráide Ghrúpa CIÉ a fhoilsiú faoi 2021 faoi threoir measúnuithe leochaileachta.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Tugadh an Staidéar ar Chreimeadh Cósta Thoir, a choimisiúnaigh Iarnród Éireann agus Comhairle Contae Chill Mhantáin, chun imscrúdú a dhéanamh ar roghanna chun rioscaí a bhaineann le creimeadh cósta a bhainistiú i gcrích in 2020.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Iarnród Éireann agus ag an NTA ar thionscadal Cosanta Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir agus cuireadh tús le hoibreacha substaintiúla ag Ros Láir agus le hoibreacha eatramhacha ag Cill Iníon Léinín agus ag Ceann Bhré. Eiseofar pacáiste tairisceana do na comhairleoirí dearaidh le tosú ar an dearadh i Ráithe 4 2021.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhachta ar son na hAeráide



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Fís: Córas iompair ísealcharbóin agus tíosach ar fhuinneamh a sholáthar



Spríocanna do Thuairisciú Carbóin agus Inbhuanaitheachta

- Athbheithniú ar fheidhmíocht bainistíochta carbóin Ghrúpa CIÉ a chríochnú le haghaidh creidiúnú neamhspleách ón CDP.
- Tuairisciú carbóin a fhorbairt chun líon méadaithe astaíochtaí gáis ceaptha teasa Scóip 3 a ionchorprú agus an méid a foghlaimíodh ón bhfreagairt tosaigh CFC a ionchorprú sa straitéis dícharbónaithe.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

Tionscadal Nochtadh Carbóin (CDP)

- In 2020, chuir CIÉ Group a gcéad tuarascáil maidir le hastaíochtaí carbóin isteach don bhliain 2019 agus bronnadh rátáil 'B' orthu. Cuireadh an dara tuarascáil bhliantúil ar astaíochtaí carbóin do 2020 isteach i mí Iúil 2021 agus fuair an Grúpa rátáil 'B' don fhreagra.

Tascfhórsa um Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)

- Thacaigh Grúpa CIÉ go mór le TCFD in 2021 agus tá sé ag glacadh leis na moltaí in 2022.
- D'fhreastail ceannaireacht shinsearach ar fud an Ghrúpa ar oiliúint maidir le glacadh le caighdeán tuairiscithe TCFD, arna seachadadh ag Sustainable Finance Ireland, agus leanfar le hoiliúint in 2022.
- Áirítear ar mholtaí TCFD anailís cháis a dhéanamh agus a thuairisciú. Tá sé beartaithe ag Grúpa CIÉ uirlisí seachtracha a úsáid mar "CDP Scenario Analysis Tool" agus "IEA World Energy Model" chun anailís ar chásanna aeráide a chríochnú in 2022. Tá creat tuairiscithe carbóin á fhorbairt chun teacht leis an TCFD.

An Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) agus Tacsanomaíocht AE

- Beidh oiliúint ar CSRD agus Tacsanomaíocht AE dlite in 2022, ag súil le hoibleagáid rialála na reachtaíochta sin. Tá Grúpa CIÉ ag athbheithniú dea-chleachtais agus treoirlínte do na caighdeán tuairiscithe seo agus tá siad ag ullmhú chun tús a chur le tuairisciú in 2022.

Tuairisciú Carbóin agus Inbhuanaitheachta:

- Tá Grúpa CIÉ ag obair chun réiteach TF sruthlínithe a fhorbairt ar thuairisciú carbóin ar fud an ghrúpa, a thosóidh go luath in 2022. Mar thoradh air sin, táthar ag súil go ndéanfar bailiú agus tuairisciú sonraí inbhuanaitheachta chun críoche inmheánacha agus reachtacha a shimpliú go mór d'fhoirne inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ.
- Shínigh cuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ Gealltanais Íseal-Charbóin Gnó sa Phobal in Éirinn a thugann ar chuideachtaí a shíníonn an gealltanais astaíochtaí Raon feidhme 3 a thaifeadadh agus spríocanna laghdaithe carbóin eolaíocht-bhunaithe a leagan síos.

Plean Gníomhachta ar son na hAeráide

- Tá NewERA tar éis Creat Gníomhachta ar son na hAeráide a dhearadh do chomhlachtaí leathstáit tráchtála. Tá SEAI agus an EPA ag comhoibriú chun treoir a fhoilsiú chun Pleananna Oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. Tabharfaidh úsáid uirlis 'Gap to Target' an SEAI deis d'eagraíochtaí tuiscint a fháil ar na céimeanna a theastaíonn chun a gcuid spríocanna a bhaint amach agus ullmhóidh siad tuarascáil a bheidh bunaithe ar threoir NewEra, EPA agus SEAI in 2022, a luaithe a bheidh na hionchais curtha in iúl.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhachta ar son na hAeráide, Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí agus Rialacháin Tacsanomaíochta an AE, an Tascfhórsa um Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid, Tuairisciú NewEra

Spríocanna do Bhainistíocht Fuinnimh a Thógáil agus Éifeachtacht Fuinnimh

- Straitéis éifeachtúlachta fuinnimh Ghrúpa CIÉ a chomhdhlúthú a leanann dea-chleachtais na bainistíochta fuinnimh.
- Tionscadail spríodhírthe um fheabhsúchán éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme chun sprioc na hearnála poiblí maidir le feabhsúchán éifeachtúlachta fuinnimh 50% a bhaint amach faoi 2030, d'ainneoin leathnú a bheith á dhéanamh ar acmhainneacht an fhlíit.
- Measúnú a dhéanamh ar stoc tógála Ghrúpa CIÉ chun deiseanna a fháil amach chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Bhain foireann Fuinnimh Bhus Éireann deimhniú ISO50001 um Bainistíú Fuinnimh amach in 2020. Tá méadracht éifeachtúlachta fuinnimh Bhus Éireann feabhsaithe 21% (SEAI fíoraith) go 2020 ó bhliain an tomhais bhonnlíne.
- Tá deimhniú ISO 50001 i bhfeidhm do Bhus Átha Cliath agus Iarnród Éireann.
- Coinníodh deimhniú go ISO50001 go luath in 2021 le haghaidh Iosta na Cloiche Leithne. Tá obair ar siúl chun an deimhniúchán a leathnú chuig Stáisiún Thobar an Chaipín i gCorcaigh i Ráithe 1 2022. I measc na n-iostaí a rachaidh faoi dheimhniú ISO50001 tá Port Láirge, Gaillimh agus Luimneach.
- Tá Bus Átha Cliath ag tabhairt faoi thionscadail phiólótacha éifeachtúlachta fuinnimh ag iosta Bhaile Phib.
- Déanfar athfhorbairt ar iosta Bhaile an Róistigh de chuid Bus Éireann i Luimneach in 2022 chun a bheith comhlíontach le 'Foirgneamh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh'. Beidh ídiú fuinnimh an-íseal ag an bhfoirgneamh riaracháin ag Baile an Róistigh, a baineadh amach trí ghnéithe cosúil le insliú fabraicí a thógáil, gloiniú éifeachtach ó thaobh fuinnimh, agus soilsíú LED atá tíosach ar fhuinneamh. Tá fostaithe le bogadh isteach san fhoirgneamh ó lár 2022.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhachta ar son na hAeráide

Spríocanna do Theicneolaíocht Foirgnimh Ghlais

- Athbheithniú a dhéanamh ar a indéanta atá sé teicneolaíochtaí tógála glasa a phiólótú ar mhaoin Ghrúpa CIÉ, lena n-áirítear glas a chur ar díon, grianphainéil agus bailiú uisce.
- Iniúchadh a dhéanamh ar réitigh atá ag teacht chun cinn maidir le taobh thiar de tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite méadair.
- Teicneolaíochtaí glasa a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh Ghrúpa CIÉ nuair is indéanta agus éifeachtach.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Tá staidéar iniúchta foirgnimh agus féidearthachta do theicneolaíochtaí tógála glasa á fhorbairt do Bhus Átha Cliath agus do Chuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus tá sé beartaithe é a dhéanamh in 2022.
- In 2020, d'fhorbair Bus Átha Cliath córas píolótach chun uisce a bhailiú ag Garáiste Bus Chnoc an tSamhraidh chun uisce a fhoinsiú go hinbhuanaithe do bhusanna a ní. Tá sé i gceist ag Grúpa CIÉ scéimeanna bailithe uisce a chur ar fáil ag stáisiúin bhus áit a bhfuil sé indéanta.
- Tá grianphainéil nua feistithe ag Bus Átha Cliath ar dhíon iosta Bhaile Phib, d'fhonn an tionscadal píolótach seo a mheas le haghaidh tuilleadh láithreacha.
- Tá giniúint leictreachais in-athnuaite ar an láthair á cíoradh ag Bus Éireann, Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, Plean Forbartha Náisiúnta

Spríocanna le haghaidh Úsáid Bithbhreosla

- Athbheithniú ar roghanna an tslabhra soláthair a chur i gcrích maidir le comhtháthú féideartha bithbhreoslaí ar fhílít busanna, chun teacht leis an BOS. De réir an CAP, méadófar cumaisc bithbhreosla go bliantúil go dtí 2030.
- Treoirthionscadal spríocdhírthe a thabhairt isteach maidir le húsáid bithbhreoslaí ar iarnród in 2021 agus roghanna a mheas maidir le bithbhreoslaí a mhéadú ar aon dul leis na spríocanna a leagtar amach sa [Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite le haghaidh Iompair](#).

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Tá Iarnród Éireann ag triail cumasc 7% de bithbhreosla a úsáid chun a n-innill traenach a chumachtú chun comhoiriúnacht innill le bithdhíosal atá beartaithe do R1 2022 a chinntiú.
- Baineann Iarnród Éireann úsáid as an mbreiseán breosla Envirox chun ídiú breosla a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, as a dtagann coigilteas de thart ar 6%. Cuireadh tús le húsáid na Envirox ar fud na tíre in 2019.
- D'úsáid Bus Éireann 3.5 milliún lítear bithbhreosla in 2020, agus 2.5 lítear suas go dtí R3 2021, agus tá sé beartaithe acu bithbhreosla a thabhairt isteach go hiomlán ar fud an fhílít.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí, Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite le haghaidh Iompair

Spríocanna maidir le hÚsáid Breosla Hidrigin

- An t-aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí níos ísle a sholáthar ar fud an líonra iompair phoiblí trí nuálaíocht i dteicneolaíocht breosla malartach a éascú.
- I gcomhpháirtíocht, cuir triail Hydrogen Mobility Ireland i bhfeidhm chun trí fheithicil astaíochtaí nialasacha hidrigin a úsáid, ag tosú ag deireadh na bliana 2020.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Baineadh cloch mhíle shuntasach amach in 2020 nuair a cuireadh i bhfeidhm an chéad bhus hidrigin a bhí i mbun seirbhíse in Éirinn mar chuid de thriail a raibh baint ag Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Hydrogen Mobility Ireland, Grúpa CIÉ agus DCU léi. Tá trí bhus breosla-chill hidrigin leictreacha dhá stór á reáchtáil faoi láthair mar chuid de fhílít Bhus Éireann. Tá na trí bhus ar sprioc chun coigiltí de bhreis agus 43 tona CO₂ a bhaint amach faoi dheireadh na bliana.
- D'éirigh Grúpa CIÉ Group ina chomhpháirtí comhlach ar thionscadal hidrigin [SeaFuel](#) chun foghlaim agus breathnú ó thionscadal atá ag dul chun cinn go maith maidir le húsáid iompair hidrigin. Is tionscadal taighde atá maoinithe ag an AE é SeaFuel a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní in-athnuaite a úsáid ar fud Limistéar an Atlantaigh chun flít iompair áitiúil a chumhachtú agus tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin.
- Táimid rannpháirteach i gclár [HyLIGHT](#) de chuid DCU atá chun tosaigh ar thaighde ar aistriú glas hidrigin na hÉireann. Is é aidhm HyLIGHT ná cur i bhfeidhm cost-éifeachtúil, inbhuanaithe, ar mhórsála teicneolaíochtaí hidrigin in Éirinn a threorú.
- Tá Grúpa CIÉ ina bhall de Hydrogen Mobility Ireland agus cuireann sé le forbairt straitéiseach ar fhorbairt hidrigin in earnáil iompair na hÉireann.
- Tá Grúpa CIÉ ag obair le comhpháirtithe chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an chéad mhol hidrigin glas in Éirinn a rolladh amach i nGaillimh, G2H2.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhachta ar son na hAeráide

Spriocanna le haghaidh Bonneagar Feithiclí Leictreacha

- Tabhairt faoi shuirbhé ar shuímh oibríochta chun na suímh is fearr is féidir le haghaidh bonneagair hibridigh, leictreachais nó luchtaithe feithiclí a dhearbhu.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

- Fuair Bus Átha Cliath seachadadh de 74 feithicil hibrideach agus bonneagar luchtaithe in 2021 agus tá sé ag obair leis an NTA agus BSL chun bonneagar luchtaithe a shuiteáil le haghaidh feithiclí lánleictreacha.
- Suiteáil 22 luchtaitheoir don fhlít veain agus gluasteán ag suímh Bhus Éireann i Ráithe 4 2021.
- Déanfar athfhorbairt ar Iosta Bhaile an Róistigh de chuid Bhus Éireann i Luimneach chun soláthar a dhéanamh d'athchóiriú pleanáilte ar fhlít bus Luimnigh go Feithiclí Leictreacha.
- Chuaigh 61 feithicil hibrideach i mbun seirbhíse ó Bhus Éireann in 2021 i nGaillimh agus i Luimneach.
- Tá Bus Éireann ag obair le BSL agus an NTA ar bhonneagar luchtaithe i gcúig réigiúin cathrach agus cuireadh ar an ngearrliosta iad do Ghradam Inbhuanaitheachta Chumann Tráchtála na Gaillimhe dá bhflít 100% hibrideach i gcathair na Gaillimhe.
- Tá imlonnú an chéad fhlít busanna a fheidhmíonn go leictreach go hiomlán i mBaile Átha Luain faoi chaibidil do 2022. Tá 11 Bus Leictreacha agus luchtairí dúbailte 8-10 déthaobhach le suiteáil, agus an iosta a bheith ag feidhmiú i 2023.
- Tá seisear mearluchtaithe suiteáilte ag stáisiúin Iarnród Éireann lena n-úsáid ag tacsaithe.
- Tá luchtairí feistithe ag Bus Átha Cliath chun freastal ar fheithiclí tacaíochta d'Fheithiclí Leictreacha.

Beartais a Sheachadadh: Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, Treoir um Fheithiclí Glana



Spríocanna chun an Flít Bus Astaíochtaí Nialasacha a Leathnú

- 11 bhus feithicle leictreacha a úsáid i bhflít bhóithre Bhus Éireann i mBaile Átha Luain.
- 50% de fhlít Bhus Éireann atá comhdhéanta de bhusanna leictreacha a bhaint amach agus an 50% eile atá comhdhéanta d'innill Euro VI, faoi 2030.
- Faoi thionscadal BusConnects Bhaile Átha Cliath, tá sé beartaithe ag an NTA go mbeidh líonra busanna limistéar Bhaile Átha Cliath á oibriú ag busanna astaíochtaí nialasacha amháin faoi 2035.
- Tá sé mar aidhm ag Bus Éireann go mbeidh a bhflít iomlán, de 120 feithicil seirbhíse leictreach, faoin mbliain 2025. In 2022 táthar ag súil go gcuirfear feithicil leictreacha in áit 50% de na veaineanna/carranna a bheidh le hathnuachan.
- Agus é mar aidhm ag NTA 300 bus Leictreacha a bheith ar an mbóthar faoi 2025 agus 1,500 bus Leictreacha faoi 2030, de réir CAP.

Éachtaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

Má shainnithnítear riosca a bhaineann leis an aeráid, sanntar úinéir riosca dó. Tá úinéireacht riosca ailínithe le húnéireacht ghnó ionas go mbeidh úinéireacht ag ceann na roinne sin ar an riosca. Cinnfidh an t-úinéir riosca ansin an mhnicíocht a ba chóir an riosca a mheas agus déantar é a thaifeadadh ar an gCóras Bainistíochta Riosca (OpRiskControl). Ansin déantar measúnú ar rioscaí aonair bunaithe ar an minicíocht a d'aithin an t-úinéir riosca. Déantar gach riosca a thuairisciú agus a phlé ag cruinniú bainistíochta míosúil.

Má mheastar riosca a bheith ina Phríomh-Riosca, ardaítear é ansin chuig Foireann Feidhmiúcháin CIÉ, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus Bord CIÉ. Áirítear leis an méadú seo freisin aon rioscaí a mheastar nach bhfuil Infhulaingthe, de shárú ar Bhonn Riosca nó athruithe ar Rátálacha Riosca Príomhúla.

Clár Riosca Ghrúpa CIÉ

Reáchtálann Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann agus gach cuideachta oibriúcháin clár lárnach riosca ina ndéantar doiciméadú ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid a aithníodh. Níl aon rioscaí a bhaineann leis an aeráid liostaithe ar an gclár Riosca ag Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann faoi láthair. Mar sin féin, tá rioscaí a bhaineann leis an aeráid liostaithe ar an gclár "Riosca atá ag teacht chun cinn" do Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann, ar rioscaí iad a d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar an eagraíocht sna cúig bliana amach romhainn.

De réir threoirlínte dea-chleachtais TCFD, ba cheart gach riosca a liostú lena thionchar, lena dhóchúlacht, lena achar ama, lena thionchar airgeadais agus lena ghníomhaíochtaí maolaithe bainistíochta. Tá an fhoireann riosca i gCuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann ag tosú ag obair leis na cuideachtaí oibriúcháin faoi láthair chun gach ceann de na rioscaí seo a leathnú chun na catagóirí seo a áireamh agus tá siad ag iarraidh próiseas riosca aeráide a bheith i bhfeidhm don tuairisciú TCFD in 2022. Déanfar an próiseas um bainistiú riosca aeráide seo a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach de réir mar a bheidh tuairisciú agus rioscaí aeráide TCFD níos ailínithe agus níos comhtháite.

Bainistíocht Riosca agus Athbhreithniú

Déanann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) Bhord CIÉ athbhreithniú rialta ar phríomhrioscaí Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ agus déanann sé moltaí do Bhord Ghrúpa CIÉ maidir leis an dóigh a gcaitear leo. Tagann rioscaí a bhaineann leis an aeráid faoin struchtúr rialachais céanna le gach riosca eile agus tuairiscítear iad don Bhord tríd an ARC. Is buanmhír ar an gclár oibre í athbhreithniú ar na rioscaí a chuireann an ARC i láthair ag gach cruinniú boird de chuid CIÉ. Cuirtear nuashonrú inbhuanaitheachta ar fáil freisin do Bhord CIÉ mar mhír sheasta den chlár oibre ag gach cruinniú.

Ina theannta sin, tagann an SSG le chéile go míosúil chun plé a dhéanamh ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid agus dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Déanann na baill SSG ionadaíocht ar cheannairí i ngach ceann de na cuideachtaí oibriúcháin i bpoist ina bhfuil saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid lárnach dá gcuid oibríochtaí. Mar chuid de struchtúr rialachais inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ, aithníonn agus cuireann an SSG rioscaí inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn in iúl, lena n-áirítear:

Catagóir Riosca na hInbhuanaitheachta	Riosca Inbhuanaitheachta
Riosca idirthréimhseach agus leithdháileadh éifeachtúil na n-acmhainní	Teicneolaíocht
	Beartas agus Dí
	Margadh
	Cáil
Rioscaí Fisiciúla	Géar
	Seasta

5.4.2 Deiseanna Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid

Ní hamháin go mbaineann rioscaí tráchtála le spriocanna aeráide a bhaint amach ach cuireann sé deiseanna ar fáil in earnálacha atá ag teacht chun cinn. Trí tharraingt ar na láidreachtaí seo cinntítear freagrúlacht straitéiseach i dtimpeallacht dhinimiciúil ardriosca. D'aithin Grúpa CIÉ raon deiseanna airgeadais féideartha a eascraíonn san tionchair aeráide agus straitéisí maolaithe.

Soláthraíonn an creat TCFD córas aicmithe do dheiseanna a bhaineann leis an aeráid agus déanann sé iad a chatagóiriú de réir cibé an dtagann siad ó éifeachtúlacht acmhainní, foinse fuinnimh, táirgí agus seirbhísí, margaí nó athléimneacht.

Déantar cur síos ar na deiseanna seo thíos de réir a dtionchar airgeadais féideartha agus freagra Ghrúpa CIÉ chun na tairbhí a uasmhéadú. Cuirfear ar aghaidh chuig an SG iad lena n-athbhreithniú go rialta agus déanfar iad a nuashonrú de réir mar is gá nuair a chríochnóidh Grúpa CIÉ a anailís tosaigh ar chásanna.

Éifeachtúlacht Acmhainní	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Bogadh go foirgnimh níos éifeachtaí	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais <ul style="list-style-type: none"> • Costais oibríochta laghdaithe ar foirgnimh a théamh. • Luach méadaithe shócmhainní an Ghrúpa trí foirgnimh ardráitithe atá tíosach ar fhuinneamh a bheith ina phunann. 	Freagairt Ghrúpa CIÉ <p>Tá roghanna á measúnú ag Grúpa CIÉ faoi láthair maidir le foirgnimh atá ina phunann a iarfheistiú.</p>
Foinse Fuinnimh	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Éifeachtúlacht úsáid-breosla a mhéadú	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais <ul style="list-style-type: none"> • Costais oibríocháin laghdaithe breosla díosail do bhusanna agus d'iarnród. • Nochtadh laghdaithe ar mhéaduithe ar phraghsanna díosail sa todhchaí. • Astaíochtaí CO₂ a laghdú agus dá bhrí sin níos lú nochta d'athruithe i bpraghas an charbóin, a mheastar a mhéadóidh trí Scéim Trádála Astaíochtaí II an AE d'Iompar ar Bhóithre agus Foirgnimh atá beartaithe. • Toradh ar infheistíocht i dteicneolaíocht astaíochtaí ísle. 	Freagairt Ghrúpa CIÉ <p>Tá tionscnaimh éagsúla tugtha isteach ag Grúpa CIÉ chun flíteanna Bus Éireann, Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann a laghdú. Tá Grúpa CIÉ ag tástáil úsáid trí FCEV hidrigine dhá stór, an chéad cheann in Éirinn. Cuireadh busanna leictreacha hibrideacha le flít Bhus Átha Cliath agus le flít Bhus Éireann in 2021, agus tá méadú breise ar fhlít hibrideach beartaithe ó 2022 ar aghaidh. Tá an méadú ar fhlít feithiclí leictreacha pleanáilte i gcomhréir leis an Treoir um Fheithiclí Glana, a dhíríonn ar fhlít astaíochtaí ísle 45% faoi 2025 agus ar fhlít astaíochtaí nialasacha 65% faoin mbliain 2030. Tá tús curtha ag Grúpa CIÉ freisin le clár tiomána éiceolaíochta do thiománaithe, atá dírithe ar scileanna a chur chun cinn a laghdaíonn ídiú breosla.</p>
Foinse Fuinnimh	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais <ul style="list-style-type: none"> • Costais leictreachais laghdaithe, a d'fhéadfadh a bheith níos luainí amach anseo de réir mar a théann soláthróirí leictreachais i dtáithí ar mhéaduithe ar phraghsanna breosla iontaise. • Deis d'ioncam breise trí Scéim Tacaíochta Micrighiniúna an Rialtais atá le teacht, a chuirfidh creat ar fáil do mhicrea-tháirgeoirí chun aon leictreachas breise a dhíol leis an eangach. • Sochair cháiliúla trí laghduithe ar astaíochtaí agus teicneolaíocht infheicthe giniúna fuinnimh, as a dtagann éileamh méadaithe ar sheirbhísí. 	Freagairt Ghrúpa CIÉ <p>Is mór an fuinneamh a úsáideann nGrúpa CIÉ, agus cheannaigh sé thart ar 68,500 Mwh leictreachais in 2020. Bhain an úsáid leictreachais seo le táirgeadh os cionn 20,200 tonna de CO₂ agus áiríodh é mar astaíochtaí Scóip 2 do Ghrúpa CIÉ. Tá sprioc leagtha síos ag an nGrúpa chun laghdú 51% ar choigilteas CO₂ faoi 2030, i gcomhréir le spriocanna náisiúnta aeráide an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Tá giniúint leictreachais in-athnuaite ar an láthair á cíoradh ag Iarnród Éireann, agus tá painéil fhótavoltacha ar díon iosta Bhaile Phib suiteáilte ag Bus Átha Cliath d'fhonn an tionscadal píolótach seo a mheas le haghaidh suímh bhreise.</p>

Foinse Fuinnimh ar lean	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Bithbhreoslaí a úsáid mar fhoinsé breosla nach bhfuil chomh dian ó thaobh carbóin de	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ
	<ul style="list-style-type: none"> • Caiteachas laghdaithe i bhfoirm ceannach bithbhreosla agus/nó bithmhúirear deimhniithe, a bhfuiltear ag súil le go méadófar faoin Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí, an Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite agus an Plean Gníomhaíthe ar son na hAeráide 2021. • Nochtadh laghdaithe d'athruithe ar phraghas carbóin. 	<p>Tá Iarnród Éireann ag baint triail as cumasc 7% de bhithdhíosail ina chuid carr iarnróid idirchathrach chun comhoiriúnacht innill-bhreosla a chinntiú sula gcuirfear úsáid bithdhíosail i bhfeidhm ar bhonn níos leithne. Tá Iarnród Éireann ag baint triail as cumasc 7% de bhithdhíosail ina chuid carr iarnróid idirchathrach chun comhoiriúnacht innill-bhreosla a chinntiú sula gcuirfear úsáid bithdhíosail i bhfeidhm ar bhonn níos leithne.</p> <p>Chomh maith leis sin, tá an Grúpa ag obair le soláthraithe chun cumasc na mbithbhreoslaí a mhéadú ar an stoc busanna agus traenacha go léir atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus tá sé ag obair ar stóráil riachtanach an bhreosla chumaisc nua.</p>

Táirgí agus Seirbhísí	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Leathnú ar sheirbhísí iompair íseal-astaíochtaí	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ
	<ul style="list-style-type: none"> • Méadú ar ioncam trí athrú ar éileamh ar chineálacha astaíochta níos ísle mar thoradh ar fheasacht aeráide an phobail a mhéadú. 	<p>Leis an NTA, tá CIÉ Group ag leathnú a thairiscint astaíochtaí ísle agus nialasacha de réir na Treorach um Fheithiclí Glana, le soláthar feithiclí leictreacha agus astaíochtaí ísle hibrídeacha agus deiseanna féideartha do FCEV hidrigine.</p> <p>Leis an NTA, tá an Grúpa CIÉ ag leathnú seirbhísí, méadóidh an síneadh DART+ faoi thrí agus leictreofar, fad an líonra atá ann faoi láthair agus tacaíonn an NDP agus an CAP.</p>
	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Forbairt Dírithe ar Iompar	
Tionchar airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ	
<ul style="list-style-type: none"> • Éileamh méadaithe ar sheirbhísí faoi stiúir rochtain áisiúil ar sheirbhísí iompair phoiblí trí phleanáil TOD. • Ioncam méadaithe ó thionóntaí atá ag áitiú na n-aonad cónaithe agus tráchtála a tógadh mar chuid de TOD. • Méadú ar éagsúlú sócmhainní. 	<p>Tá sé mar sprioc ag Grúpa CIÉ cathracha dlútha, nasctha agus rathúla a thógáil lena straitéis TOD. Tá cúig mháistirphlean seolta ag Grúpa CIÉ ar fud a phríomhstáisiúin, ag comhtháthú bonneagar taistil gníomhach, iompar poiblí, agus maoin chónaithe agus mhiondíola. Tacaíonn an straitéis seo le cuspóirí an NDP maidir le fás dlúth agus pleanáil spásúil phleanáilte.</p>	
Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Turasóireacht inbhuanaithe		
Tionchair Fhéideartha Airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ	
<ul style="list-style-type: none"> • Ioncam méadaithe trí éileamh ar sheirbhísí turasóireachta níos inbhuanaithe. • Seasamh iomaíoch feabhsaithe chun roghanna tomhaltóirí a athrú i dtreo inbhuanaitheachta agus feasachta aeráide a léiriú. 	<p>Oibreoidh Grúpa CIÉ le CIÉ Tours chun straitéis inbhuanaitheachta chuimsitheach CIÉ Tours a fhorbairt, rud a chinnteoidh inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a chuid oibríochtaí.</p>	

Margaí	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Tacaíocht an Rialtais don iompar poiblí	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ
	<ul style="list-style-type: none"> • Éileamh méadaithe ar thaisteal busanna paisinéirí tríd an gclár NTA BusConnects, a mheallfaidh úsáideoirí atá nua agus úsáidfídh an tseirbhís níos minice. • Éileamh méadaithe ar sheirbhísí a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú an rialtais agus ó bhearta beartais amhail an NDP agus an CAP, a leagann síos sprioc de 125,000 turas iompair poiblí agus taistil ghníomhaigh breise in aghaidh an lae faoi 2025, agus 500,000 turas breise in aghaidh an lae faoi 2030. 	<p>Tá Grúpa CIÉ ag obair go dlúth leis an NTA, DoT, EPA, agus comhlachtaí earnaála poiblí eile chun tacú leis an méadú beartaithe ar úsáid iompair poiblí agus tá sé ag méadú mhéid a fhlíit chun líon níos mó paisinéirí a chur san áireamh.</p>
Athléimneacht	Deis a Bhaineann leis an Aeráid: Measúnú agus pleanáil maidir le hoiiriúnú don aeráid	
	Tionchair Fhéideartha Airgeadais	Freagairt Ghrúpa CIÉ
	<ul style="list-style-type: none"> • Seasfaidh luachanna sócmhainní méadaithe trí pleanáil athléimneachta agus bonneagar a chinntiú le tionchair aeráide. • Cumas méadaithe oibriú faoi choinníollacha éagsúla (m.sh., leibhéal farraige ag ardú, stoirmeacha, aimsir sheaca) 	<p>Tá tús curtha ag Grúpa CIÉ le Clár Cosanta Bonneagair Chósta chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol ó bhonneagar aeráide i gcoinne na dtionchar ó chreimeadh cósta agus ó thuile.</p> <p>Áireofar freisin i nGrúpa CIÉ úsáid uirlisí pleanála cásanna chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid ó 2022 ar aghaidh.</p>



5.5 Méadrachtaí agus Spriocanna

Déanann cuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ raon ETFanna a thomhas chun dul chun cinn a rianú i dtreo ár spriocanna agus ár n-uailmhianta inbhuanaitheachta. Tá na ETFanna seo roinnte i dteascáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, a léiríonn ár straitéis trí-cholún.

Tabhair ar aird le do thoil, tá figiúirí do 2021 suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021.



Colún a hAon: Eacnamaíoch

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021*	2020	2019	2018	2017
Turais phaisinéirí (milliúin)	23	51	89	84	79
Turais phaisinéirí (% méadú/laghdú)		-42%	7%	6%	-2%
Sástacht Chustaiméirí (scór fócais paisinéirí) (%)	85%	87%	84%	89%	92%
Líon na mbusanna ag feidhmiú	1072	1047	1,138	1,148	1,171
Airgeadas Inbhuanaithe					
Ioncam Iomlán (€) (€ Milliún)	163.1	284.8	366.5	337.6	309.3
Fás Ioncaim (%)	+21%	-22%	+9%	+8%	-1%
TRÚCDA (€m)	0.9	6.1	8.8	9.7	2.9
Glanbhrabús/(Easnamh) (€m)	(0.77)	(9.2)	2.3	(6.4)	(23.7)

Colún a Dó: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Inrochtaineacht	2021*	2020	2019	2018	2017
Stáisiúin/stadanna go hiomlán inrochtana a bhainistítear (%)	100%	90%	75%	65%	65%
Rannpháirteachas leis an bPobal					
Eagraíochtaí comhpháirtíochta/tairbhithe a ndearnadh teagmháil leo go díreach	10	22	13	12	10
Líon scoláirí a iompraítear faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile	100,347	114,000	120,800	117,800	115,500
Líon scoláirí a iompraítear in aghaidh an lae scoile ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta orthu	14,477	14,500	14,300	13,400	11,700

Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Oibre					
Ag Infheistiú inár lucht saothair	2021*	2020	2019	2018	2017
Líon fostaithe	2,766	2,735	2,727	2,562	2,446
Sábháilteacht					
Ráta timpiste an fhostaí in aghaidh an 100 fostaí	0.58	0.63	1.32	1.76	2.04
Comhionannas inscne					
Fostaithe bainneanna (%)	10%	10%	9%	9%	9%
Mná i Róil Bainistíochta Sinsearach (%)	45%	38%	38%	25%	25%
Comhaltaí Boird bainneanna (%)	29%	29%	29%	29%	29%
Éagsúlacht					
Fostaithe nach fostaithe Éireannacha iad (%)	14%	13%	13%	15%	14%

Colún a Trí: Comhshaol

Gníomhú ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)	2021*	2020	2019	2018	2017
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle TCO ₂)	33.57	71.48	76.54	73.01	67.94
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ón leictreachas arna cheannach (míle tCO ₂)	0.7	1.4	1.72	1.97	2.21
Scóip 3 – Neamhdhíreach eile (míle tCO _{2e})**	0.1	0.1	0.32	–	–
Astaíochtaí iomlán (míle tCO _{2e})	34.37	72.98	78.58	74.98	70.15
Éifeachtacht Fuinnimh					
Úsáid díosail (míle lítear díosail)	12,674	25,908	30,226	28,491	26,605
Úsáid díosail (MWh)	128,881	262,457	305,572	288,370	269,192
Leictreachas iomlán (MWh)	2,331	4,761	5,073	5,235	5,040
Úsáid gáis (MWh)	3,868	5,856	7,196	6,101	4,263
Ídiú Iomlán Fuinnimh (MWh)	135,080	273,074	317,841	299,706	278,495
Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI = MWh/ASKm)	61				

Gníomhú ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Comhréir an Fhlít	2021*	2020	2019	2018	2017
Flít seirbhíse le hinneall caighdeánach Euro VI (%)	63%	55%	53%	43%	34%
Flít seirbhíse le hinneall hibrideach/cille breosla (%)	4.1%	0%	0%	0%	0%
Flít seirbhíse atá cumhachtaithe ag leictreachas go hiomlán (%)	0%	0%	0%	0%	0%
Flít atá á gcumhachtú le gás (%)	0%	0%	0%	0%	0%
Meán-aois fhlít na mbusanna (blianta)	9	10.7	10.7	n/a	n/a

** Ríomhtar astaíochtaí Scóip 3 bunaithe ar fhachtóirí astaíochtaí maidir le figiúirí dramhaíola. Níl dramhaíl uisce, dramhaíl neamhghuaiseach ná taisteal foirne san áireamh sna figiúirí seo.

Ídiú agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021*	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán a gineadh % méadú/laghdú)*	-45%	-14.7%	+1%	+2%	-1%
Dramhaíl athchúrsáilte/aisghafa (% den dramhaíl a bhailítear le hathchúrsáil)	8.7%	26.61%	16%	14%	13%

* Go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021.



Colún a hAon: Eacnamaíoch

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021*	2020	2019	2018	2017
Turais phaisinéirí (milliúin)	4.8	17.9	50.2	47.9	45.5
Turais Phaisinéirí (% méadú)	-54.3%	-64.2%	5.1	5.3%	6.3%
Airgeadas Inbhuanaithe					
Ioncam Iomlán	49.8	143.7	297.4	280.9	264.8
Fás Ioncaim (%)	-65.3%	-51.7%	5.87%	6.1%	8.3%
TRÚCDA (€m)	4.5	14.4	21.1	19.3	25.1
Easnamh Glan (€m)	-0.6	2.5	2.6	(1.1)	(1.1)

Colún a Dó: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Rannpháirteachas leis an bPobal	2021*	2020	2019	2018	2017
Eagraíochtaí comhpháirtíochta/ tairbhíthe a ndearnadh teagmháil leo go díreach	15	33	12	–	–

Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Oibre					
Infheistiú inár bhfostaithe	2021*	2020	2019	2018	2017
Líon fostaithe	4231	4135	4009	3831	3761
Sábháilteacht					
Timpistí ama cailte ag an – intuairiscithe	24	35	55	47	53
Comhionannas inscne					
Fostaithe bainearna (%)	11%	11%	11%	10%	10%
Mná i Róil Bainistíochta Sinsearachacha (%)	20%	19%	17%	–	–
Comhaltaí Boird bainearna (%)	57%	57%	57%	50%	40%

Colún a Trí: Comhshaol

Gníomhú ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)	2021*	2020	2019	2018	2017
Astaíochtaí iompair ('000 tCO ₂ e) Scóip 1	39.75	93.01	115.7	118.0	113.7
Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach ('000 tCO ₂ e) Scóip 2	6.84	17.4	25.1	24.7	28.0
Teirmeach (Gás) – ('000 tCO ₂ e) Scóip 1	1.00	1.74	1.7	1.7	1.5
Scóip 3 – Neamhdhíreach eile (míle tCO ₂ e)**	0.05	0.08	0.14	–	–
Iomlán na n-astaíochtaí ('000 tCO ₂ e)	47.64	112.23	142.64	144.4	143.2
TCO ₂ e/'000 km traenach	–	7.61	8.17	8.85	8.86

Éifeachtacht Fuinnimh	2021*	2020	2019	2018	2017
Ídiú Fuinnimh Traenach MWh (1 lítear = 10.165 kWh)	160,371	375,233	460,113	445,500	438,600
Úsáid díosail bóithre (MWh)	7,082	14,644	14,676	15,005	15,527
Leictreachas le haghaidh tarraingthe (MWh)	9,139	23,235	27,695	26,222	25,240
Leictreachas do shócmhainní seasta (MWh)	20,191	35,804	35,791	37,031	36,816
Leictreachas iomlán (MWh)	29,330	59,039	63,486	63,253	62,056
Úsáid gáis (MWh)	5,727	9,979	9,278	9,032	8,600
Ídiú Iomlán Fuinnimh (MWh)	202,511	458,895	547,553	532,789	524,783
Comhréir an Fhlít					
Flít le hinneall hibrideach (%)	4%	4%	0%	0%	0%
Flít seirbhíse atá cumhachtaithe ag leictreachas go hiomlán (%) (4 thacar gluaisteán – DART)	15%	15%	15%	15%	15%
Flít atá á gcumhachtú le gás (%)	0%	0%	0%	0%	0%

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil na figiúirí astaíochtaí d'Iarnród Éireann difriúil ón méid a tuairiscíodh i dTuarascáil Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2020 mar gheall ar dhifríocht sa mhéadrach a úsáidtear chun astaíochtaí a ríomh. Tá sé sin ceartaithe anois agus úsáidfead an méadrach caighdeánaithe le haghaidh ríofa i dtuairisciú astaíochtaí i dtuarascálacha amach anseo.

** Ríomhtar astaíochtaí Scóip 3 bunaithe ar fhachtóirí astaíochtaí maidir le figiúirí dramhaíola. Ní chuimsíonn na figiúirí seo dramhaíl uisce ná taisteal foirne.

Ídiú agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021*	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán a gineadh (tonna)	1117	2644	3079*	3246	3216
Dramhaíl iomlán a gineadh (% méadú/laghdú)	–	-14%	-5%	1%	–
Dramhaíl athchúrsáilte/aisghafa (% den dramhaíl a bhailítear le hathchúrsáil)	46%	48%	53%	54%	58%
Líon na dtionscadal uaschúrsála dramhaíola curtha i gcrích le grúpaí pobail	0	0	5	2	0

* Go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021.



Colún a hAon: Eacnamaíoch

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021*	2020	2019	2018	2017
Turais phaisinéirí (milliún)	25	69	142	143	139
Turais phaisinéirí (méadú %)	–	-51%	5%	2.9%	8.1%
KM Paisinéirí (milliún)	201	555	1,147	979	1,115
Sástacht Chustaiméirí (scór fócais paisinéirí)	–	–	74%	78%	82%
Líon na mbusanna ag feidhmiú	991	994	1,016	1,010	1,016
Airgeadas Inbhuanaithe					
Ioncam Iomlán (€) (€ Milliún)	–	125.1	263.0	263.3	251
Fás Ioncaim (%)	–	-52%	0%	1.8%	1.5%

Colún a Dó: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Rannpháirteachas leis an	2021*	2020	2019	2018	2017
Líon na nGrúpaí ar dámhadh deontais mhaoinithe 'Spiorad Pobail' orthu	65	–	88	85	85
Líon na gCruinnithe Páirtithe Leasmhara Pobail a tionóladh	36	–	27	23	18
Inrochtaineacht					
Stáisiúin/stadanna go hiomlán inrochtana (%)	100%	100%	100%	100%	100%

Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Oibre					
Ag Infheistiú inár lucht saothair	2021*	2020	2019	2018	2017
Líon fostaithe	3,603	3,573	3,552	3,432	3,469
Comhionannas inscne					
Fostaithe bainneanna (%)	7.5%	7%	7%	7%	7%
Mná i Róil Bainistíochta Sinsearach (Mná) (%)	22%	22%	22%	22%	22%
Comhaltaí Boird bainneanna (%)	44%	44%	44%	44%	44%
Éagsúlacht					
Fostaithe nach fostaithe Éireannacha iad (%)	–	21%	19%	19%	19%

Colún a Trí: Comhshaoil

Gníomhú ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)	2021*	2020	2019	2018	2017
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle TCO ₂)	27.8	62.3	66.9	72.3	73.6
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ón leictreachas arna cheannach (míle tCO ₂)	0.57	1.1	1.3	1.4	1.7
Scóip 3 – Neamhdhíreach eile (míle tCO _{2e})**	0.0194	0.0389	0.137	0.082	0.065
Astaíochtaí iomlán (míle tCO _{2e})	28.39	63.44	68.34%	73.78	75.37
Líon iomlán na ngluaisteán as an mbóthar	31,328	86,711	160,000	179,000	–
Éifeachtacht Fuinnimh					
Bus/traein Díosail (míle lítear)	9,926	22,439	25,029	26,759	27,605
Úsáid díosail (MWh)	100,898	228,092	254,420	272,005	280,605
Leictreachas le haghaidh tarraingthe (MWh)	0	0	0	0	0
Leictreachas do shócmhainní seasta (MWh)	2,243	4,422	4,576	4,462	4,521
Leictreachas iomlán (MWh)	2,243	4,422	4,576	4,462	4,521
Úsáid gáis (MWh)	5,836	10,019	10,785	11,111	10,084
Comhréir an Fhlít					
Flít le hinneall caighdeánach Euro IV (%)	15%	14%	14%	14%	14%
Flít le hinneall caighdeánach Euro V (%)	7%	7%	15%	15%	15%
Flít seirbhíse le hinneall caighdeánach Euro VI (%)	58%	57%	56%	46%	36%
Flít le hinneall hibrídeach (%)	6%	0.88%	0.88%	0%	0%
Flít seirbhíse atá cumhachtaithe ag leictreachas	0%	0%	0%	0%	0%
Flít atá á gcumhachtú le gás (%)	0%	0%	0%	0%	0%
Meán-aois fhlít na mbusanna (blianta)	7	7	7	6	6

** Ríomhtar astaíochtaí Scóip 3 bunaithe ar fhachtóirí astaíochtaí maidir le figiúirí dramhaíola. Ní áirítear i bhfigiúirí 2020 agus 2021 taisteal foirne mar gheall ar COVID.

Ídiú agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021*	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán ginte (% méadú/laghdú)	–	-11%	-5%	15%	-11%
Dramhaíl athchúrsáilte (tonaí)	247	563	627	658	564
Dramhaíl athchúrsáilte/aisghafa (% den dramhaíl a bhailítear le hathchúrsáil)	60%	69%	64%	72%	75%

* Go dtí deireadh mhí an



6 Na Chéad Chéimeanna agus Pleananna Eile do 2022

Le linn 2020 agus sa chéad leath de 2021, tá go leor garspriocanna bainte amach ag Grúpa CIÉ maidir lena chuspóirí agus spriocanna inbhuanaitheachta agus na SDGanna. Tá sé beartaithe ag an nGrúpa leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas agus úsáidfidh sé an móiminteam seo chun tuilleadh spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach le linn 2022.

Is é an príomhchuspóir a bheidh ag an nGrúpa an bhliain seo chugainn anailís bhearna a dhéanamh i gcoinne athruithe straitéise, beartais, margaidh agus rialála atá ann faoi láthair. Tá sé mar aidhm againn na moltaí agus na spriocanna a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i CAP 2021 chun na laghduithe ar astaíochtaí carbóin 51% a bhaint amach faoi 2030. Mar aon le spriocanna CAP, tá sé i gceist againn freisin plean a fhorbairt chun tús a chur le glacadh agus tomhas na spriocanna eolaíocht-bhunaithe in 2022. Soláthraíonn spriocanna bunaithe ar eolaíocht conair dhea-shainithe do chuideachtaí chun a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de réir a bhfuil riachtanach do na stáit is déanaí maidir le heolaíocht aeráide chun téamh domhanda a theorannú go 1.5 céim Celsius, de réir Chomhaontú Pháras.

Tá tionscnaimh éagsúla ar bun cheana féin d'fhonn na spriocanna atá leagtha amach i CAP a bhaint amach, agus tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tógáil ar na tionscnaimh sin chun na spriocanna astaíochtaí agus éifeachtúlachta atá ag teastáil a bhaint amach. Leanfaidh an Grúpa ag obair trína dheimhnithe ISO um bhainistíocht fuinnimh agus comhshaoil an bhliain seo chugainn agus bainfidh sé amach iad agus leanfaidh sé ag obair i dtreo na spriocanna atá leagtha amach i dTreoir an CAP agus i dTreoir maidir le Feithiclí Glana an Aontas Eorpaigh chun dícharbónú fhliú an Ghrúpa agus seachadadh spriocanna astaíochtaí an CAP don eanáil iompair a chinntiú. Aithníonn an Grúpa an ról tábhachtach a imreoidh breoslaí malartacha chun tacú lenár spriocanna maidir le hastaíochtaí a laghdú, agus leanfaidh sé ag tacú le hidrigin a fhorbairt san iompar chun a ról a chumasú i ndícharbónú fuinnimh agus iompair. Déanfaidh an Grúpa measúnú freisin ar roghanna agus forbróidh sé treoirthionscadail spriocdhírthe chun athbheithniú a dhéanamh ar fhéidearthacht bithbheoslaí a chur i bhfeidhm ar fud seirbhísí an Ghrúpa.

Beidh forbairt atá dírithe ar iompar mar thosaíocht freisin ag Grúpa CIÉ ag bogadh isteach in 2022, agus leanfaimid orainn ag tacú le seachadadh bheartas an rialtais Tithíocht do Chách trí mholadh a dhéanamh ar TOD agus fás uirbeach inbhuanaithe agus muid ag cur an Máistirphleananna TOD i bhfeidhm agus ag ionchorprú bonneagar iompair agus tithíochta uirbí ar fud réadmhaoin éagsúla Ghrúpa CIÉ.

Tá Grúpa CIÉ sáite sa stair agus is coimeádaí é ar oidhreacht shaibhir agus thábhachtach chorparáideach agus náisiúnta. Tá sé beartaithe againn ár sócmhainní stairiúla a chur chun cinn agus tacú lenár dtionscadail oidhreachta. Déanfar Tuarascálacha Bliantúla cartlainne CIÉ, chomh fada siar le 1884, a dhigitiú agus a chur ar taispeáint ar líne don phobal. Tá iarratas déanta ag Bus Éireann freisin ar chead pleanála chun athchóiriú a dhéanamh ar an Amharclann Eblana i mBusáras, atá as feidhm ó 1995.

Leanfaidh Grúpa CIÉ ag díriú ar a spriocanna laghdaithe dramhaíola de 25% agus a sprioc athchúrsála dramhaíola de 75% trí straitéis gheilleagair chiorclaigh uile-Ghrúpa a fhorbairt. Ina theannta sin, cuirfimid cleachtais Ghlasa Soláthair Phoiblí i bhfeidhm, agus déanfaimid athbheithniú ar mhodheolaíochtaí chun anailís saolré a úsáid chun costais agus coigilteas comhshaoil ar fud an Ghrúpa a ríomh. D'fhonn na spriocanna seo a éascú agus cloí le haidhmeanna agus cuspóirí CAP, cuirfear Foirne Glasa fostaithe agus oiliúint inbhuanaitheachta ar fáil d'fhostaithe CIÉ in 2022.

Beidh sé mar aidhm freisin ag Grúpa CIÉ tús a chur leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta éagsúla atá á gcur i bhfeidhm san AE agus in Éirinn, ar nós chreataí TCFD agus CSRD, rialacháin Tacsanomaíochta an AE agus an tuairiscíú a cheanglaítear faoi CAP arna ndeachtú ag NewEra, an SEAI agus an EPA. Ag tús 2022, tosóidh Grúpa CIÉ ag forbairt córas tuairiscithe chun réiteach a shruthlíniú, a éascú agus a uathoibriú do mhéadrachtaí agus tuairiscíú le haghaidh nochtadh inbhuanaitheachta. Molann an creat TCFD go ndéanfadh cuideachtaí anailís cháis mar an cleachtas is fearr maidir le tuairiscíú inbhuanaitheachta, agus cuirfimid tús leis seo in 2022 ag baint úsáide as na huirlisí is déanaí atá ar fáil. Beidh torthaí an chleachtaidh seo mar bhonn eolais ag ár bhfreagairt bhainistíochta ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an aeráid atá os comhair Ghrúpa CIÉ. Ionchorpróimid freisin an t-aiseolas ó athbheithniú CDP 2021 isteach inár straitéis, agus tá sé mar aidhm againn a gcuid moltaí a chur i bhfeidhm ar fud ár spriocanna inbhuanaitheachta, rialachas, tionscnaimh tuairiscithe.

Rinneamar suirbhé mionsonraithe ar ábharthacht na bpáirtithe leasmhara le páirtithe leasmhara seachtracha ag deireadh 2021, agus déanfaimid anailís agus athbheithniú ar an aiseolas agus cuirfimid i bhfeidhm é ar ár bhforbairt straitéise in 2022. Forbróimid, déanfaimid anailís agus léirmhíneoimid torthaí ó uirlis Anailíse Tionchair Chorparáidigh UNEP FI, agus leanfaimid orainn ag obair le comhpháirtithe ar fud na hearnála iompair agus ag tógáil caidrimh leo chun na spriocanna atá leagtha amach sa chreat beartais reatha a bhaint amach.

Feiceann an Grúpa CIÉ deis i margadh na turasóireachta inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn. In 2022, tá sé beartaithe ag CIÉ Tours fis a leagan amach dá straitéis inbhuanaitheachta, ag sainiú a sheasamh sa mhargadh agus a spriocanna agus a chuspóirí maidir le hinbhuanaitheacht. Beidh Grúpa CIÉ ag tacú le forbairt na straitéise.

Leanfaidh CIÉ Group ag tacú lenár ndaoine i rith phaindéim COVID 19 agus leanfaidh sé freisin ag tacú le tionscnaimh éagsúlachta agus cuimsithe ar fud an Ghrúpa sa bhliain amach romhainn. Beidh sláinte agus folláine ár bhfoirne mar thosaíocht freisin, agus cuirfear tionscnamh píolótach folláine traschuideachta i bhfeidhm a chuirfidh oiliúint sláinte agus tacaíocht oideachais ar líne ar fáil do rannpháirtithe.

Is straitéis dinimiciúil í Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ. Tá go leor tionscnamh pleanáilte agus idir lámha againn chun cabhrú linn ár gcuspóirí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach mar atá leagtha amach inár straitéis inbhuanaitheachta 2020. Táimid ag comhoibriú mar Ghrúpa lena chinntiú go mbainfear ár gcuspóirí agus ár spriocanna inbhuanaitheachta amach agus leanfaimid ag obair i dtreo ár spriocanna i rith 2022.

Féach thíos tuilleadh sonraí faoi réimsí fócais do Ghrúpa CIÉ sna blianta amach romhainn:

Bithéagsúlacht

Leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadail bithéagsúlachta ar fud an Ghrúpa agus tacú le cur i bhfeidhm pleananna pailneoirí agus infheistíocht bithéagsúlachta.

Gníomhú ar son na hAeráide

Caithfidh gach cuideachta oibriúcháin a Straitéisí Inbhuanaitheachta a eisiúint agus a chur i bhfeidhm agus leanann siad ag obair i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Moltaí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 le hathbheithniú agus pleananna oibríochta chun spriocanna atá leagtha amach agus curtha i bhfeidhm a sheachadadh.

Leanfaidh an Grúpa ag obair trína chuid Deimhniúchán ISO um Fhuinneamh agus Bainistíocht Comhshaoil a bhaint amach.

Leanúint ag obair i dtreo na spriocanna a leagtar amach i dTreoir an CAP agus i dTreoir an AE maidir le Feithiclí Glana chun dícharbónú fhlít an Ghrúpa a chinntiú.

Leanfaidh CIÉ Group ag forbairt, ag anailísiú agus ag léirmhíniú torthaí ó Uirlis Anailíse Tionchair Chorpáidigh FI de chuid UNEP.

Tá Grúpa CIÉ chun tús a chur le agus ullmhú do SEAI, NewEra, TCFD, CSRD agus Tacsanomaíocht an AE agus caighdeáin tuairiscithe rialála an Rialtais.

Tá sé mar aidhm ag Grúpa CIÉ córas tuairiscithe agus sonraí a fhorbairt chun réiteach a shruthlíniú agus a éascú agus a chruthú le haghaidh méadrachtaí agus tuairiscithe ar fud na gcuideachtaí oibriúcháin.

Tacú le hidrigin a fhorbairt san iompar ionas gur féidir leis a ról a imirt i ndícharbónú an fhuinnimh agus an iompair.

Measúnú a dhéanamh ar roghanna chun bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite a chur i bhfeidhm ar fud seirbhísí an Ghrúpa.

Plean a fhorbairt chun tús a chur le glacadh agus tomhas Spriocanna Eolaíocht-bhuanaithe in 2022.

Leanúint ag obair le comhpháirtithe ar fud na hearnála iompair agus caidrimh a thógáil leo chun na spriocanna atá leagtha amach sa chreat beartais reatha a bhaint amach.

Suirbhé ábhartha ar pháirtithe leasmhara a chríochnú le páirtithe leasmhara seachtracha agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara a chur i bhfeidhm ar fhorbairt straitéise in 2022.

Tá sé beartaithe ag CIÉ Tours a straitéis inbhuanaitheachta féin a fhorbairt in 2022.

Athléimneacht Aeráide

Anailís cásanna ar bhainistiú riosca agus deiseanna le críochnú ar fud Ghrúpa CIÉ in 2022.

Forbairt Dírithe ar Iompar

Leanúint ag moladh forbairt dírithe ar iompar agus na Máistirphleana TOD a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Ídiú agus Táirgeadh Freagrach

Straitéis geilleagar ciorclach le cruthú agus le cur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.

Soláthar poiblí glas agus anailís saolré atá le cur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.

Foireann Ghlas a fhostú agus oiliúint inbhuanaitheachta le rolladh amach d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna

Leanúint ag tacú le tionscnaimh Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta ar fud an Ghrúpa.

Sláinte agus Folláine

Tionscnamh píolótach folláine traschomhlachta a chur i bhfeidhm, a sholáthróidh tacaíocht cóitseála sláinte agus oideachais ar líne do rannpháirtithe.

Oidhreacht

Tacú le sócmhainní Oidhreachta a athbhunú agus a athshlánú ar fud an Ghrúpa.



7 Aguisín: Ionstraimí Beartais

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ an beartas rialtais is déanaí a leanúint agus a chomhtháthú. Tá na beartais thíos mar bhonn eolais d'fhorbairt Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ.

Ionstraim Bheartais	Cur síos agus comhthéacs na straitéise
Tacsanomaíocht AE Rialachán 2021	Bunaítear leis an Rialachán Tacsanomaíochta creat AE maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíochta inbhuanaithe. Cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme an NFRD/CRSD, beidh orthu a nochtadh a mhéid a chomhlíonann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad na critéir a leagtar amach i dTacsanomaíocht AE ar feadh sé chuspóir comhshaoil. 1 Eanáir 2022 do na cuspóirí comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, agus 1 Eanáir 2023 do na cuspóirí eile.
An Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí AE 2021	Tagann an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach AE in ionad na Treorach um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (NFRD) reatha. Cuireann an CSRD le raon feidhme an NFRD agus éilíonn sé ar thart ar 49,000 cuideachta ar fud na hEorpa faisnéis a nochtadh faoi mhúnla agus straitéis gnó, beartais, rioscaí, spriocanna agus dícheall cuí i dtaca le cúrsaí comhshaoil agus sóisialta. Eiseofar sraith de Chaighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta an AE faoinn CSRD agus tá siad le glacadh faoi Dheireadh Fómhair 2022.
Lámhleabhar Dea-Chleachtais TCFD	D'fhoilsigh Bord na gCaighdeán um Nochtadh Aeráide treoir maidir le dea-chleachtais maidir le nochtadh faoi chreat tuairiscithe TCFD. I measc na gcleachtais sin tá: <ul style="list-style-type: none"> • Dul chun cinn trédhearcach a chur in iúl • Rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid i dtuairisciú airgeadais seachas i dtuairisciú inbhuanaitheachta amháin a chur san áireamh • Tuairiscigh ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun spriocanna a bhaint amach, ní hamháin na spriocanna iad féin. • Tuarascáil ar an 11 mholadh a cuireadh san áireamh sna ceithre phríomhréimse téamacha de mholtaí an TCFD: rialachas, straitéis, bainistiú riosca, agus méadrachtaí agus spriocanna.
An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021	Éilíonn an tAcht ar an Rialtas "an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh 2050" a shaothrú agus a bhaint amach. Soláthraíonn sé na spriocanna agus na gníomhartha seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Cuspóir na neodrachta aeráide faoi 2050; • Sprioc eatramhach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcoibhneas le bonnlíne 2018.
An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach 2021	Is é an Geilleagar Ciorclach an creat beartais náisiúnta d'aistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach. I measc nithe eile, luaitear sa Bhille go mbunóidh an EPA Clár Geilleagair Ciorclach agus Treochlár Náisiúnta chun Cailteanas Bia a Chosc.
Scéim Oibleagáide Bithbhreosla 2010	Tháinig an BOS i bhfeidhm in 2010 agus tugann sé sainordú do sholáthróirí breosla céatadán de bhithbhreoslaí (gásailín agus díosal mótar de ghnáth) a chur san áireamh ina ndíolacháin. Áirítear leis an CAP foráil do chumaisc bithbhreosla atá le méadú ar bhonn bliantúil agus beidh spriocanna i bhfeidhm go dtí 2030. Oibreofar an chéad mhéadú eile ar an ráta soláthair bithbhreoslaí cumaiscthe i ndíosal agus i bpeitreal ón 1 Eanáir 2022, agus beidh comhairliúchán reachtúil ann chun rialacháin a dhéanamh a thabharfaidh éifeacht don athrú seo. In 2019, leathnaíodh an Treoir athmhúnlaite maidir le Fuinneamh Glan chun an earnáil iarnróid a chlúdach, agus mar sin táthar ag súil go n-athróidh raon feidhme an bhois freisin chun teorainneacha cumaisc don iarnród a chur san áireamh.

Ionstraim Bheartais	Cur síos agus comhthéacs na straitéise
Breoslaí In-athnuaite don Iompar Ráiteas Beartais	<p>Foilsíodh an Ráiteas Beartais maidir le Breoslaí In-athnuaite ar an 25 Samhain agus ardaíonn sé spriocanna d'úsáid bithbhreoslaí ar fud na hearnála iompair. Leagtar amach sa Ráiteas an treo beartais maidir le húsáid bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite san earnáil iompair faoi 2030. Áirítear sa ráiteas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Méadú ar leibhéal na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaineann le peitreal agus díosal – cumasc 10% d'eatánól i bpeitreal (E10) agus cumasc 12% de bhithdhíosal i ndíosal (B12) faoi seach, faoi 2025. • Scrúdaíonn sé infhaighteacht Ola Cócaireachta Úsáidte agus Saillte Áirithe Ainmhithe d'fhonn teorainn níos airde a lorg do bhithbhreoslaí a dhéantar as na bunábhair seo (meastar go bhfuil ola dramháola inbhuanaithe) • Teorainneacha ar bhithbhreoslaí áirithe – bithbhreoslaí barr-bhunaithe, mar shampla (meastar nach bhfuil siad inbhuanaithe mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu ar bhithéagsúlacht, ach is i bhfoirm HVO amháin atá siad). • Ceanglais maidir le Déine Charbóin a Fhorfheidhmiú – pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh. • An oibleagáid bhithbhreosla a leathnú chuig an earnáil iarnróid ó 2024. • Leathnú chun Breoslaí Malartacha a dhreasú, lena n-áirítear hidrigin agus leictreachas glas.
Treoir maidir le Soláthar Poiblí Glas 2021	<p>De réir an Bhille um Ghníomhú Aeráide 2019, beidh ar gach soláthar a úsáideann cistí poiblí critéir ghlasa a chur san áireamh faoi 2023. D'fhoilsigh an EPA treoir ar sholáthar poiblí glas chun breac-chuntas a thabhairt ar na próisis ba chóir a ghlacadh chun earraí, seirbhísí nó oibreacha a aimsiú a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an gcomhshaol. Cuirtear critéir ar fáil do na deich n-earnáil tosaíochta arb iad na tionchair chomhshaoil agus eacnamaíochta is mó iad den soláthar poiblí. I measc na gcritéir GPP tá critéir éigeantacha 'croí' a léiríonn sainorduithe reachtacha, agus critéir roghnacha 'cuimsitheacha' is féidir a úsáid chun táirgí agus seirbhísí a fhoinsíú a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos airde acu. Maidir leis an earnáil iompair, tá na critéir 'lárnacha' ceaptha chun spriocanna na Treorach maidir le Feithiclí Glana a chomhlíonadh.</p>
Rialachán um Fheithiclí Iompair Bóithre Glana agus Tíosach ó Thaobh Fuinnimh (Leasú) 2021	<p>Leagann an Rialachán um Fheithiclí Glana amach spriocanna maidir le feithiclí glana a sholáthar trí sciar na bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannaíonn comhlachtaí poiblí a mhéadú.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ghlac Éire leis an sprioc uasta chun feithiclí glana a sholáthar. Ó 2021 -2025, is é an sprioc atá ann ná 38.5% de ghluasteáin agus de thrucaillí éadroma a sholáthraítear, agus 45% de bhusanna a bheith ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle. • Ó 2026 -2030, is é an sprioc 38.5% de ghluasteáin agus trucaillí éadroma a fhaightear, agus 65% de bhusanna mar fheithiclí astaíochtaí nialasacha.
Tithíocht do Chách 2021	<p>Is plean eisithe ag an rialtas é Tithíocht do Chách chun an córas náisiúnta tithíochta a fheabhsú agus níos mó tithe de gach cineál a sholáthar. I measc na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa phlean tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 33,000 teach nua ar an meán a sholáthar in aghaidh na bliana ó 2021 go 2030; • Maoiniú méadaithe chun tailte poiblí a fhorbairt le haghaidh tithíochta inacmhainne agus sóisialta i lár na cathrach agus i lár an bhaile.
Pacáiste Oiriúnach do 55 AE	<p>Sraith de thograí idirnasctha is ea Pacáiste Oiriúnach do 55 AE atá dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% faoi 2030 ó leibhéal 1990. Áirítear na tionscnaimh seo a leanas sa phacáiste:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) a íslíú agus córas trádála astaíochtaí ar leithligh a bhunú d'iompar agus d'fhoirgneamh de bhóthar le bheith ag feidhmiú in 2025; • Leasú beartaithe ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite chun sprioc 40% den olltomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030; • Leasú beartaithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun an sprioc tomhaltas fuinnimh a laghdú faoi 2030 go 39% i gcomparáid le 2007;

Ionstraim Bheartais	Cur síos agus comhthéacs na straitéise
<p>An Plean Forbartha Náisiúnta 2021</p>	<p>Gealltar €165 billiún sa Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) le caitheamh ar thionscadail chaipitil ó 2021 go 2030. Áirítear i spriocanna an NDP:</p> <p>Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Gheobhaidh an earnáil iompair maoiniú ar €35 billiún thar 2021-2030.</p> <ul style="list-style-type: none"> • €12 i maoiniú d'iompar poiblí, lena n-áirítear € 6 billiún do thionscadail bhóithre agus €4 billiún do bhonneagar siúil agus rothaíochta thar 2021-2030. • €360 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh 'iompar gníomhach', lena n-áirítear 1,000 km de bhonneagar siúil agus rothaíochta faoi 2025, agus infheistíocht i nGlasbhealaí. • Cuirfear BusConnects i bhfeidhm i 5 chathair faoi 2025. • Aistriú flit an bhus chuig feithiclí astaíochta níos ísle. Aistriú chuig sochaí atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de agus Athléimneacht ó thaobh na hAeráide de. • Spreagfaidh Scéim Tacaíochta Micrighiniúna táirgeadh neamhspleách leictreachais trí íocaíochtaí a sholáthar d'aon leictreachas a onnmhairítear chuig an eangach. • Méadóidh an cháin charbóin de réir a chéile go sroichfidh sé €100 in aghaidh an tona faoi 2030.
<p>Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 treochlár an Rialtais maidir le conas astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030 agus glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar spriocanna agus ar bhearta CAP: • Leictreachas: laghdú 62-81% ar astaíochtaí faoi 2030 • Foirgnimh: laghdú 44-56% ar astaíochtaí faoi 2030 <ul style="list-style-type: none"> ◦ Áirítear leis spriocanna chun tithe a iarfheistiú agus chun foinsí in-athnuaite fuinnimh agus teasa a shuiteáil i bhfoirgnimh chónaithe. • Iompar: laghdú 42-50% ar astaíochtaí faoi 2030 <ul style="list-style-type: none"> ◦ 125,000 turas breise iompair phoiblí/taistil ghníomhaigh in aghaidh an lae faoi 2025, agus 500,000 turas breise in aghaidh an lae faoi 2030. ◦ Gach athsholáthar le haghaidh feithiclí iarnróid bus agus comaitéireachta a bheith íseal/ carbón nialasach faoi 2030. ◦ 300 bus EV faoi 2025, 1,500 bus EV faoi 2030. ◦ Iompar poiblí tuaithe a rolladh amach trí Éire á Nascadh. ◦ Méadú cumasc-rátaí bithdhíosail incriminteach de réir a chéile go dtí 2030. ◦ Tá sé á bhreithniú chun scóip na Scéime Oibleagáide maidir le Bithbhreoslaí a leathnú chun hidrigin ghlas a áireamh. ◦ Leathnaigh seirbhísí iarnróid leictirithe. • Geilleagar Ciorclach <ul style="list-style-type: none"> ◦ Cur amú bia a laghdú faoi 50% ◦ A chinntiú go bhfuil gach pacáistiú plaisteach in-athúsáidte nó in - athchúrsáilte faoi 2030



Córas Iompair Éireann